17.4.2024 A9-0085/ 001-001

**LEASUITHE 001-001**
ón gCoiste um Ghnóthaí Eachtracha, agus ón gCoiste um Buiséid

**Tuarascáil**
**Tonino Picula, Karlo Ressler** **A9-0085/2024**
An tSaoráid Athchóirithe agus Fáis do na Balcáin Thiar a bhunú

Togra le haghaidh rialacháin (COM(2023)0692 – C9-0408/2023 – 2023/0397(COD))

---

**Leasú 1**

LEASUITHE Ó PHARLAIMINT NA hEORPA*

ar an togra ón gCoimisiún

---------------------------------------------------------

2023/0397 (COD)

Togra le haghaidh

RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

maidir leis an tSaoráid Athchóirithe agus Fáis le haghaidh na mBalcán Thiar a bhunú

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 212 agus Airteagal 322(1) de,
Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,
Ag féachaint don tuairim ón gCúirt Iniúchóirí,
***Ag féachaint don Dearbhú Comhpháirteach ó Pharlaimint na hEorpa, ón gComhairle agus***

---

* Leasuithe: tá téacs nua nó téacs atá curtha in ionad téacs eile aibhsithe le cló trom iodálach; agus tá téacs scriosta léirithe leis an tsiombail ▌.

***ón gCoimisiún maidir le cineál eisceachtúil na Saoráide don Úcráin,***
Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,
De bharr an mhéid seo a leanas:

***(-1) Tá an tAontas fothaithe ar luach an daonlathais, ar luach an smachta reachta agus ar luach na hurraime do chearta an duine, ar cuid iad de chritéir Chóbanhávan, arb ionann iad sin agus an phríomhshraith critéar le haghaidh ballraíocht san Aontas.***

***(-1a) Tá an próiseas um méadú bunaithe ar chritéir sheanbhunaithe agus ar choinníollacht chothrom agus dhian. Ba cheart gach tairbhí a mheasúnú ar bhonn a fhiúntas féin. Chun gur féidir méadú a bhaint amach, is den riachtanas i gcónaí é tiomantas docht a léiriú do 'bhunphrionsabail ar dtús'. Le cur chuige na 'mbunphrionsabal ar dtús', déantar an smacht reachta agus cearta bunúsacha a nascadh le dhá réimse ríthábhachtacha eile an phróisis aontachais: rialachas eacnamaíoch – béim neartaithe ar fhorbairt eacnamaíoch agus iomaíochas feabhsaithe – agus neartú institiúidí daonlathacha agus athchóiriú an riaracháin phoiblí. Tá an dul chun cinn i leith an aontachais ag brath ar urraim gach iarrthóra do luachanna an Aontais agus ar a acmhainneacht na hathchóirithe is gá a ghabháil ar láimh agus a chur chun feidhme chun a chórais pholaitiúla, institiúideacha, dhlíthiúla, riaracháin agus eacnamaíocha a ailíniú le rialacha, caighdeáin, beartais agus cleachtais an Aontais, agus fós dea-chaidreamh comharsanachta a chur chun cinn.***

***(-1b) Tá tábhacht gheostraitéiseach leis an mbeartas um méadú i leith na mBalcán Thiar don tslándáil, don tsíocháin agus don chobhsaíocht i bhfianaise athruithe dinimiciúla ar an staid idirnáisiúnta, go sonrach tar éis chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine, a d'fhág gur cuireadh beocht sa mhéadú agus gur cuireadh dlús leis. Mar sin féin, is gá conair thíortha na mBalcán Thiar ionsar bhallraíocht san Aontas a bheith fréamhaithe go daingean i ndul chun cinn follasach agus nithiúil i leith athchóirithe. Chun a ráthú go dtabharfar an méadú chun fíoraithe, tá gá le fíorthoil pholaitiúil i mBallstáit an Aontais agus sna tíortha is iarrthóirí araon. Agus fiche bliain ann ó reáchtáladh Cruinniú Mullaigh Thessaloniki, tá tíortha na mBalcán Thiar ag céimeanna éagsúla den phróiseas aontachais, agus iad ag seasamh le dinimicí éagsúla chun caibidlí idirbheartaíochta a chomhlíonadh.***

***(-1c) Tá an Ionstraim um Chúnamh Réamhaontachais (IPA) ar an bpríomhshásra airgeadais chun tíortha aontachais a ullmhú le haghaidh ballraíocht a ghlacadh san Aontas amach anseo.***

(1) Is chun leasa choitinn an Aontais agus thíortha na mBalcán Thiar▌ é na hiarrachtaí ar athchóiriú a dhéanamh ar chórais pholaitiúla, dhlíthiúla agus eacnamaíocha thíortha na mBalcán Thiar d'fhonn go nglacfaidh siad ballraíocht san Aontas amach anseo a chur chun cinn. Bíonn tionchar cumhachtach agus claochlaitheach ar stát nuair a thuigtear dó go mbainfear ballraíocht san Aontas amach, rud a chuireann athruithe daonlathacha, polaitiúla, eacnamaíocha agus sochaíocha dearfacha i bhfeidhm.

(2) Is gá oibriú ***chun acquis an Aontais a ghlacadh agus a chur chun feidhme a luaithe is féidir, agus freisin*** roinnt de na buntáistí a bhaineann le ballraíocht san Aontas a thabhairt chun cinn roimh an aontachas. ***I dteannta an aistrithe dhaonlathaigh agus na hurraime do chearta agus luachanna bunúsacha,*** tá cóineasú eacnamaíoch i gcroílár na dtairbhí sin. Faoi láthair, tá cóineasú na mBalcán Thiar ó thaobh OTI per capita arna shloinneadh i gcaighdeáin cumhachta ceannaigh fós íseal agus é idir 30 % agus 50 % de mheán an Aontais agus níl sé ag dul chun cinn tapa go leor.

(3) Chun an éagothromaíocht sin a laghdú, ghlac an Coimisiún Eorpach Teachtaireacht maidir le Plean Fáis le haghaidh na mBalcán Thiar atá bunaithe ar cheithre cholún: (a) comhtháthú le Margadh Aonair an Aontais a mhéadú; (b) borradh a chur faoin gcomhtháthú eacnamaíoch réigiúnach, bunaithe ar rialacha agus caighdeáin an Aontais, trí Phlean Gníomhaíochta an Chómhargaidh Réigiúnaigh atá ann cheana a chur chun feidhme ina iomláine; (c) treisiú le hathchóirithe a bhfuil sé d'aidhm acu dlús a chur leis an ***bhforbairt*** sa réigiún ar bhealach ***cuimsitheach agus inbhuanaithe***, fás eacnamaíoch a chur chun cinn ***bunaithe ar an aistriú glas is ar an aistriú digiteach,*** cóineasú eacnamaíoch a chur chun cinn agus cobhsaíocht réigiúnach a neartú; agus (d) Ionstraim Mhaoinithe nua a bhunú: an tSaoráid Athchóirithe agus Fáis le haghaidh na mBalcán Thiar.

(4) Chun an Plean Fáis sin a chur chun feidhme, tá gá le cistiú méadaithe faoi Ionstraim Mhaoinithe nua thiomnaithe, eadhon an tSaoráid Athchóirithe agus Fáis, chun cuidiú leis an réigiún athchóirithe ▌ ***i leith na forbartha cuimsithí agus inbhuanaithe***, ***lena n-éascaítear staid infheistíochta chobhsaí,*** i leith an chomhtháthaithe réigiúnaigh agus i leith an Chómhargaidh Réigiúnaigh a chur chun feidhme.

(5) Chun na spriocanna sin a bhaint amach, ba cheart béim ar leith a leagan, a mhéid a bhaineann le réimsí infheistíochta, ar earnálacha ar dóigh dóibh a bheith ina ***gcionsiocair*** leis an bhforbairt shóisialta agus eacnamaíoch ***agus le dícharbónú geilleagar, chun an spleáchas réigiúnach a laghdú freisin***; ***MFBManna, sláinte,*** nascacht, lena n-áirítear iompar, fuinneamh, an t-aistriú glas agus an t-aistriú digiteach, ***taighde agus nuálaíocht,*** oideachas agus forbairt scileanna, ***agus aird ar leith á tabhairt ar an óige, agus infheistíocht a dhéanamh i gcaipiteal daonna***.

(6) Tá bonneagar iompair ***inbhuanaithe*** bunriachtanach chun feabhas a chur ar an nascacht idir comhpháirtithe na mBalcán Thiar agus le ***Ballstáit*** an Aontais***, go háirithe iad sin ina bhfuil teorainn dhíreach***. Ba cheart é a bheith ina rannchuidiú leis an réigiún a chomhtháthú san Aontas. Ina thogra lena ndéantar athbhreithniú ar an gcreat tras-Eorpach iompair (TEN-T), d'áirigh an Coimisiún Conair nua a thrasnaíonn réigiún na mBalcán Thiar (conair na Meánmhara Thiar-Thoir). Ba cheart gréasán TEN-T a bheith ina thagairt le haghaidh bonneagar iompair a chistiú sa réigiún, ***go háirithe iad siúd atá ann cheana nó a bhfuil tús curtha leis an bpróiseas tógála ina leith, d'fhonn tionscadail atá ann cheana a thabhairt chun críche sula gcuirtear tús le tionscadail nua. Ba cheart tosaíocht a thabhairt do mhodhanna iompair atá neamhdhíobhálach don chomhshaol amhail iarnróid agus dícharbónú an iompair.***

(7) Tríd an tSaoráid, ba cheart tacú le hinfheistíocht agus athchóirithe lena gcuirtear chun cinn conair na dtairbhithe i dtreo chlaochlú digiteach an gheilleagair agus na sochaí i gcomhréir le fís an Aontais le haghaidh 2030 arna cur i láthair sa teachtaireacht ón gCoimisiún dar teideal '2030 Digital Compass: the European way for the Digital Decade [Compás Digiteach 2030: an modh Eorpach le haghaidh na Deacáide Digití][1] ***, trína gcothaítear geilleagar digiteach cuimsitheach chun leasa na saoránach uile***. Tríd ***an tSaoráid***, ba cheart iarracht a dhéanamh ar ghnóthú na cuspóirí ginearálta agus na spriocanna digiteacha i leith an Aontais a éascú, ***agus fós tús áite a thabhairt d'infheistíocht lena ndéanfar ní hamháin an claochlú digiteach a chur chun cinn, ach lena n-áiritheofar freisin go mbeidh na hiarrachtaí sin bunaithe ar phrionsabal na slándála, ar phrionsabal na hathléimneachta agus ar phrionsabal na sláine***. Mar

1 COM(2021)118 final.

a leag an Coimisiún amach i dteachtaireacht uaidh an 15 Meitheamh 2023[1], ba cheart an Bosca Uirlisí cibearshlándála 5G a bheith ina thagairt maidir le cistiú ón Aontas chun slándáil, athléimneacht, agus cosaint shláine ***thionscadail*** bhonneagair dhigitigh sa réigiún a áirithiú.

(8) Ba cheart, le tacaíocht an Aontais faoin tSaoráid, an tacaíocht dhéthaobhach agus réigiúnach a sholáthraítear faoi Rialachán (AE) 2021/1529 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[2] ***a threisiú*** seachas teacht ina hionad, agus fós aird a thabhairt ar na Tairbhithe a ullmhú do bhallraíocht san Aontas, ▌ agus sásraí agus struchtúir atá ann cheana a úsáid i gcás inar féidir ***agus sineirgí a uasmhéadú***. ***Tá an Ionstraim um Chúnamh Réamhaontachais (IPA) fós ar an bpríomhshásra airgeadais le haghaidh cúnamh réamhaontachais fiúntasbhunaithe agus coinníollach.*** Ba cheart an mhodheolaíocht um méadú atá ann cheana a bheith ina bonn leis an gcur chuige sin, go háirithe Modheolaíocht Athbhreithnithe 2020[3], agus an Plean Eacnamaíoch agus Infheistíochta[4] ón mbliain chéanna.

(9) Ba cheart an tacaíocht faoin tSaoráid a sholáthar chun cuspóirí ginearálta agus sonracha a chomhlíonadh, bunaithe ar chritéir ***neamhchlaonta*** sheanbhunaithe ***chun aon mhí-úsáid pholaitiúil a sheachaint,*** agus ba cheart coinníollacha íocaíochta soiléire a bheith ann ***bunaithe ar gharspriocanna agus spriocanna príomhúla agus coinníollacht a chomhlíonadh***. Is iad na cuspóirí ginearálta ba cheart a bheith leis an tSaoráid ná dlús a chur leis an lánpháirtíocht eacnamaíoch réigiúnach ***agus an comhtháthú sóisialta agus críochach is an athléimneacht shóisialta agus chríochach***, mar aon le comhtháthú forchéimnitheach le margadh aonair an Aontais, cóineasú socheacnamaíoch ***aníos*** gheilleagair na mBalcán Thiar agus ailíniú na mBalcán Thiar le ***luachanna***, dlíthe, rialacha, caighdeáin, beartais agus cleachtais an Aontais d'fhonn ballraíocht a ghlacadh san Aontas. Tríd an tSaoráid freisin, ba cheart cuidiú le dlús a chur le hathchóirithe a bhaineann le bunphrionsabail an phróisis um méadú ***mar a chumhdaítear i gcritéir Chóbanhávan***, lena n-áirítear an smacht reachta, ***daonlathas, neamhspleáchas na mbreithiúna, cearta an duine, cearta bunúsacha,*** soláthar poiblí agus rialú Státchabhrach, bainistíocht airgeadais phoiblí***, frithsciúradh airgid, seachaint cánach, imghabháil cánach, calaois chánach,*** agus an comhrac i gcoinne ***gach cineáil*** éillithe ***agus coireachta eagraithe, an comhrac i gcoinne na bréagaisnéise, mar aon le haistriú glas an réigiúin chuig neodracht aeráide faoi 2050, bearta um maolú ar an athrú aeráide, chomh maith le cosaint an chomhshaoil agus na bithéagsúlachta, agus dea-chaidreamh comharsanachta a chothú, agus díospóidí a réiteach sna Balcáin Thiar.*** Ba cheart na cuspóirí sin a shaothrú ar bhealach comhlántach ***agus fós faireachán rialta a dhéanamh ar na staideanna sóisialta agus eacnamaíocha atá ag teacht chun cinn sna Balcáin Thiar***. ***Leis an tacaíocht faoin tSaoráid, ba cheart treisiú le tionscnaimh forbartha nasctha agus comhpháirtíochta le piaraí Eorpacha a bhfuil sé d'aidhm acu saineolas agus inniúlacht a fheabhsú sna Balcáin Thiar.***

[1] 'Cur chun feidhme an Bhosca Uirlisí cibearshlándála 5G', COM(2023)4049 final.
[2] Rialachán (AE) 2021/1529 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Meán Fómhair 2021 lena mbunaítear an Ionstraim um Chúnamh Réamhaontachais (IPA III) (IO L 330, 20.9.2021, p. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/1529/oj).
[3] COM (2022) 57 final.
[4] COM(2020) 641 final

(10) Tríd an tSaoráid, ba cheart an tacaíocht ***bhreise*** arna soláthar faoi chláir eile de chuid an Aontais agus na hionstraimí tacaíochta um méadú atá ann cheana ***a urramú***. ***Ba cheart don Choimisiún cosc a chur le*** dúbailt idir cúnamh faoin Rialachán seo agus cúnamh eile arna sholáthar ag an Aontas, ag na Ballstáit, ag tríú tíortha, agus ag eagraíochtaí agus eintitis iltaobhacha agus réigiúnacha.

(11) Leis an tSaoráid, ba cheart comhsheasmhacht le cuspóirí ginearálta ghníomhaíocht sheachtrach an Aontais, agus tacaíocht do na cuspóirí sin, mar a leagtar síos in Airteagal 21 den Chonradh ar an Aontas Eorpach, a áirithiú, lena n-áirítear urraim do chearta bunúsacha mar a chumhdaítear i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh. Áiritheoidh sí go háirithe go ndéanfar cearta an duine a chosaint agus a chur chun cinn, ***lena n-áirítear cearta na mionlach uile***, ***lena n-áirítear mionlaigh eitneacha agus reiligiúnacha, an pobal LGBTI, agus daoine ar de ghrúpaí leochaileacha eile iad***, ***an daonlathas*** agus an smacht reachta***, atá bunriachtanach do phróiseas aontachais an Aontais***.

***(11a) Tríd an tSaoráid, ba cheart béim ar leith a leagan ar fhiontair bheaga agus mheánmhéide áitiúila chun a áirithiú go mbeidh an fhorbairt inbhuanaithe idirnasctha go díreach le gnólachtaí agus fiontraithe áitiúla.***

***(11b) Tríd an tSaoráid seo, ní thacófar le haon ghníomhaíocht ná beart de chuid na dtairbhithe sin a dhéanann gníomh atá contrártha leis an aidhm atá ann an tslándáil réigiúnach agus an chobhsaíocht réigiúnach a neartú.***

(12) Ba cheart gníomhaíochtaí faoin tSaoráid seo ***na caighdeáin is airde maidir leis an aeráid agus maidir leis an gcomhshaol a chomhlíonadh agus*** tacú leis an dul chun cinn i leith na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe, ***agus rannchuidiú le gnóthú rannchuidithe náisiúnta faoi*** Chomhaontú Pháras agus faoi Chreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide ***i gcomhréir leis na gealltanais arna dtabhairt i bPleananna Aeráide agus Fuinnimh Náisiúnta***, i gCoinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir leis an Éagsúlacht Bhitheolaíoch agus i gCoinbhinsiún na Náisiún Aontaithe chun an gaineamhlú a chomhrac agus níor cheart iad a bheith ina siocair le díghrádú comhshaoil ná díobháil a dhéanamh don chomhshaol ná don aeráid. ***Go háirithe, ba cheart cistiú faoin tSaoráid a bheith comhsheasmhach leis na spriocanna fadtéarmacha atá ann an mheánteocht dhomhanda a laghdú agus leis an gcuspóir atá ann treisiú leis an inniúlacht chun gníomhaíochta maolúcháin agus leis an gcumas oiriúnú d'éifeachtaí díobhálacha an athraithe aeráide, athléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide a chothú agus tacú leis an mbithéagsúlacht, le caomhnú, leis an ngeilleagar ciorclach, le bainistiú inbhuanaithe uisce agus le truailliú nialasach.*** Ba cheart bearta arna gcistiú faoin tSaoráid a bheith i gcomhréir le Pleananna Fuinnimh agus Aeráide Náisiúnta na dTairbhithe, lena Rannchuidiú arna Chinneadh go Náisiúnta agus lena n-uaillmhian aeráidneodracht a bhaint amach faoi 2050. Ba cheart an tSaoráid a bheith ina rannchuidiú leis an ngníomhaíocht mhaolúcháin agus leis an gcumas oiriúnú d'éifeachtaí díobhálacha an athraithe aeráide, agus athléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide a chothú.

(13) Ba cheart cur chun feidhme an Rialacháin seo a bheith bunaithe ar phrionsabal an chomhionannais, ***ar phrionsabal na cuimsitheachta, ar phrionsabal na cothroime, agus*** ar phrionsabal an neamh-idirdhealaithe, de réir mar a fhorléirítear iad i straitéisí Aontas an Chomhionannais***, mar aon le Dearbhú UNESCO maidir leis an Éagsúlacht Chultúrtha agus tuarascálacha an Choimisiúin Eorpaigh i gcoinne an Chiníochais agus na hÉadulaingthe***. Ba cheart, leis an Rialachán, comhionannas inscne ***agus***

***príomhshruthú*** inscne a chur chun cinn ***agus a chur chun tosaigh***, ***rannpháirtíocht na mban i bpróisis chinnteoireachta*** mar aon le cumhachtú na mban agus na gcailíní a áirithiú, agus ba cheart féachaint ann le cearta na mban agus na gcailíní a chosaint agus a chur chun cinn***, agus freisin foréigean in aghaidh na mban agus foréigean baile a chosc agus a chomhrac,*** i gcomhréir le Pleananna Gníomhaíochta AE maidir le hInscne agus le conclúidí ábhartha ón gComhairle agus le coinbhinsiúin idirnáisiúnta. ***Thairis sin, ba cheart an Rialachán a chur chun feidhme agus lánurraim á tabhairt do Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta, lena n-áirítear maidir leis an gcóras cosanta agus cúraim leanaí agus cearta saothair.*** Ba cheart cur chun feidhme na Saoráide a bheith i gcomhréir le Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas ***agus an prótacal a ghabhann leis, arna dhaingniú ag an Aontas agus a Bhallstáit***, agus ba cheart inrochtaineacht ina cuid infheistíochtaí agus cúnamh teicniúil a áirithiú, ***i gcomhréir le Treoir (AE) 2019/882, i réimsí amhail tithíocht, iompar agus spásanna poiblí, lena n-áirítear bonneagar poiblí i gceantair uirbeacha agus thuaithe araon. Ba cheart bearta tacú le cearta daoine faoi mhíchumas maireachtáil go neamhspleách agus a bheith san áireamh, rud a chuirfeadh dlús leis an aistriú ó institiúidí cónaithe go tacaíocht phobalbhunaithe agus maireachtáil neamhspleách***.

(14) Leis an Rialachán seo, ba cheart ***rannchuidiú le cur chun feidhme an*** Chláir Oibre Ghlais le haghaidh na mBalcán Thiar ▌ trí chosaint an chomhshaoil a atreisiú, ***lena n-áirítear athbhunú an dúlra agus an chomhshaoil***, trí rannchuidiú le maolú an athraithe aeráide agus tríd an athléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide a mhéadú, agus trí dhlús a chur leis an aistriú i dtreo geilleagar ísealcharbóin.

***(14a) Leis an Rialachán seo, ba cheart an cód iompair Eorpach maidir le comhpháirtíocht agus prionsabal an rialachais il-leibhéil a chur chun cinn chun na Tairbhithe a ullmhú do chur chun feidhme Chistí Struchtúracha agus Infheistíochta na hEorpa amach anseo.***

(15) Mar léiriú ar an gComhaontú Glas don Eoraip mar straitéis fáis inbhuanaithe na hEorpa agus ar a thábhachtaí atá sé aghaidh a thabhairt ar chuspóirí aeráide agus bithéagsúlachta i gcomhréir le gealltanais an Chomhaontaithe Idirinstitiúidigh, ba cheart an tSaoráid a bheith ina rannchuidiú le baint amach na sprice foriomláine 30 % de chaiteachas buiséadach an Aontais a bheith ag tacú le cuspóirí aeráide agus 7,5 % in 2024 agus 10 % in 2026 agus 2027 a bheith ag tacú le cuspóirí bithéagsúlachta. Ba cheart 37 % ar a laghad den tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha a chuirtear trí WBIF a bheith ag rannchuidiú le cuspóirí aeráide. Leis an tSaoráid, ba cheart tacú le gníomhaíochtaí lena n-urramaítear go hiomlán caighdeáin agus tosaíochtaí aeráide agus comhshaoil an Aontais agus an prionsabal ‘gan dochar suntasach a dhéanamh’ de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852[1].

(16) Ba cheart don Choimisiún, i gcomhar leis na Ballstáit agus leis na Tairbhithe, ***comhlíontacht, comhleanúnachas, comhsheasmhacht agus comhlántacht,*** trédhearcacht mhéadaithe agus cuntasacht ***láidir agus leanúnach*** a áirithiú ***le linn*** cúnamh a bheith á sholáthar, ***agus i ndiaidh*** a sholáthartha, lena n-áirítear trí chórais rialaithe inmheánaigh iomchuí agus beartais frithchalaoise iomchuí a chur chun feidhme ***agus leibhéil mhéadaithe trédhearcachta ann ina leith agus meastóireacht á déanamh go leanúnach ag an gCoimisiún orthu chun leas airgeadais an Aontais a chosaint***.

1 Rialachán (AE) 2020/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Meitheamh 2020 maidir le creat a bhunú chun infheistíocht inbhuanaithe a éascú, agus lena leasaítear Rialachán (AE). 2019/2088 (IO L 198, 22.6.2020, lch. 13).

Ba cheart an tacaíocht faoin tSaoráid a chur ar fáil faoi na réamhchoinníollacha go ndéanfaidh gach tairbhí de na Tairbhithe sásraí agus institiúidí daonlathacha éifeachtacha ***a urramú*** agus ***a chaomhnú agus a fheabhsú***, lena n-áirítear córas parlaiminteach ilpháirtí ***feidhmiúil***, ***daonlathach***, ***saoirse na meán, neamhspleáchas agus iolrachas, agus bréagaisnéis, mar aon le hionramháil agus cur isteach eachtrach ar fhaisnéis, a chomhrac,*** agus an smacht reachta, ***lena n-áirítear breithiúna neamhspleácha agus an comhrac i gcoinne an éillithe***, agus urraim do chearta an duine ***agus don éagsúlacht chultúrtha*** a ráthú, lena n-áirítear cearta daoine ar de na mionlaigh agus na pobail ***uile*** iad***, lena n-áirítear mionlaigh eitneacha agus reiligiúnacha, an pobal LGBTI, agus daoine ar de ghrúpaí leochaileacha eile iad***. ***Réamhchoinníoll eile ba cheart a bheith ann is ea ailíniú le comhbheartas eachtrach agus slándála an Aontais, lena n-áirítear bearta sriantacha a ghlacadh i gcoinne na Rúise, mar aon le ceanglais víosa AE do thríú tíortha.*** Réamhchoinníoll eile ba cheart a bheith ann is ea go nglacfadh an tSeirbia agus an Chosaiv páirt chuiditheach, ***agus go ndéanfaidís dul chun cinn intomhaiste follasach agus go mbainfidís torthaí nithiúla follasacha amach le linn a dhéanta sin dóibh***, i normalú a gcaidrimh ***chun*** a n-oibleagáidí uile faoi seach a eascraíonn as an gComhaontú maidir leis an gConair I dTreo an Normalaithe agus as an Iarscríbhinn Cur Chun Feidhme a ghabhann leis mar aon leis na Comhaontuithe Idirphlé uile a rinneadh roimhe seo a chur chun feidhme go hiomlán agus go rachaidís i mbun caibidlíochta ar an gComhaontú Cuimsitheach maidir le normalú an chaidrimh.

(17) Ba cheart EUR 6 bhilliún i bpraghsanna reatha a bheith san uasmhéid foriomlán le haghaidh thacaíocht an Aontais tríd an tSaoráid don tréimhse ó 2024 go 2027, agus méid nach mó ná EUR 2 bhilliún den mhéid sin i dtacaíocht neamh-inaisíoctha agus EUR 4 bhilliún den mhéid sin in iasachtaí lamháltais cúnaimh airgeadais arna soláthar ag an Aontas agus arna soláthar ón EUR 2 bhilliún. Ba cheart leath an mhéid iomláin ar a laghad a leithdháileadh trí Chreat Infheistíochta na mBalcán Thiar (WBIF), lena n-áirítear méid iomlán na tacaíochta neamh-inaisíoctha, ***lúide*** 1,5 % den chúnamh teicniúil agus na méideanna is gá chun na hiasachtaí a sholáthar.

(18) Leagtar síos leis an Rialachán seo imchlúdach airgeadais le haghaidh ré iomlán na Ionstraime seo, arb é a bheidh ann an príomh-mhéid tagartha, de réir bhrí phointe 18 de Chomhaontú Idirinstitiúideach an 16 Nollaig 2020 idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach maidir leis an smacht buiséadach, le comhar in ábhair bhuiséadacha agus le bainistíocht fhónta airgeadais, agus maidir le hacmhainní dílse nua, lena n-áirítear treochlár i dtreo acmhainní dílse nua a thabhairt isteach, le haghaidh Pharlaimint na hEorpa agus le haghaidh na Comhairle le linn an nós imeachta bhuiséadaigh bhliantúil.

(19) Níor cheart tacú leis an dliteanas airgeadais ó iasachtaí faoin tSaoráid seo leis an Ráthaíocht do Ghníomhaíochtaí Seachtracha, de mhaolú ar Airteagal 31(3), an dara habairt, de Rialachán (AE) 2021/947. Ba cheart gurb éard a bheadh sna hiasachtaí faoin tSaoráid seo cúnamh airgeadais de réir bhrí Airteagal 220 de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046. Ba cheart méid táscach maoiniúcháin do gach Tairbhí a ríomh bunaithe ar an bhfoirmle a leagtar síos in Iarscríbhinn I, ina gcomhcheanglófar sciar daonra an Tairbhí i gcomparáid le daonra foriomlán réigiún na mBalcán Thiar agus meán-OTI per capita i gcás réigiún na mBalcán Thiar os cionn OTI per capita an Tairbhí faoi seach, agus luach 60 % agus 40 % faoi seach á gcur leis an dá fhachtóir. Mura gcomhlíontar na coinníollacha íocaíochta chun cistí a scaoileadh, féadfaidh an Coimisiún cuid den mhéid iomlán, nó an méid iomlán, a athdháileadh ar Thairbhithe eile, ***agus fós***

***cothromaíocht gheografach a chaomhnú agus cistí ón tSaoráid á leithdháileadh aige agus acmhainneacht riaracháin áitiúil mhíchothrom a mheas.***

(20) Ba cheart feidhm a bheith ag rialacha cothrománacha airgeadais arna nglacadh ag Parlaimint na hEorpa agus ag an gComhairle ar bhonn Airteagal 322 CFAE maidir leis an Rialachán seo. Leagtar síos na rialacha sin i Rialachán (AE, Euratrom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1] agus cinntear leo go háirithe an nós imeachta maidir leis an mbuiséad a bhunú agus a chur chun feidhme trí dheontais, soláthar, bainistíocht indíreach, cúnamh airgeadais, oibríochtaí measctha agus aisíocaíocht a dhéanamh le saineolaithe seachtracha, agus foráiltear leo do sheiceálacha ar fhreagracht na ngníomhaithe airgeadais. ***Áirítear ar na rialacha arna nglacadh ar bhonn Airteagal 322 CFAE córas ginearálta coinníollachta chun buiséad an Aontais a chosaint.***

▌

(22) Chun cur chun feidhme éifeachtúil na Saoráide a áirithiú, lena n-áirítear comhtháthú Thairbhithe na mBalcán Thiar i slabhraí luacha Eorpacha a éascú, ba cheart na soláthairtí agus na hábhair uile a mhaoinítear agus a sholáthraítear faoin tSaoráid seo a bheith de thionscnamh na mBallstát, na dTairbhithe, páirtithe conarthacha sa Chomhaontú maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch, tíortha a chumhdaítear le hIarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/947 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[2] agus Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/1529, agus tíortha dár bhunaigh an Coimisiún rochtain chómhalartach ar chúnamh seachtrach i gcríocha na dTairbhithe, mura rud é nach féidir na soláthairtí agus na hábhair a fháil ar choinníollacha réasúnacha in aon cheann de na tíortha sin***, agus sa chás sin, ba cheart an soláthar a bheith i gcomhréir le rialacháin is infheidhme an Aontais maidir le dícheall cuí i slabhraí luacha.***

(23) Agus urraim á tabhairt don phrionsabal go socraítear buiséad an Aontais ar bhonn bliantúil, ba cheart a áirithiú go bhféadfaí na solúbthachtaí a chur i bhfeidhm i gcomhréir le Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 maidir le beartais eile, lena n-áirítear i gcás cistí a thabhairt anonn agus a athghealladh, chun úsáid éifeachtúil chistí an Aontais a áirithiú, agus ar an gcaoi sin cistí an Aontais atá ar fáil faoin tSaoráid a uasmhéadú.

---

1 Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/20 (IO L 193, 30.7.2018, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1046/oj).

2 Rialachán (AE) 2021/947 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Meitheamh 2021 lena mbunaítear an Ionstraim um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta - An Eoraip Dhomhanda, lena leasaítear agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 466/2014/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) 2017/1601 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 480/2009 ón gComhairle (IO L 209, 14.6.2021, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/947/oj).

***(23a)*** ***Is ionstraimí iad saoráidí a chomhfhreagraíonn do staideanna eisceachtúla, rud a fhágann gur cheart go n-áiritheofaí lena socruithe maoiniúcháin agus rialachais cuntasacht agus grinnscrúdú iomlán don údarás buiséadach.***

(24) Ba cheart cur chun feidhme na Saoráide le haghaidh na mBalcán Thiar a bheith bunaithe ar shraith chomhleanúnach***, shoiléir,*** agus thosaíochta d'athchóirithe spriocdhírithe agus tosaíochtaí infheistíochta i ngach Tairbhí de na Balcáin Thiar (Clár Oibre Athchóiriúcháin) ***i bhfoirm garspriocanna agus spriocanna intomhaiste***, atá ina creat chun borradh a chur faoin bhfás socheacnamaíoch ***inbhuanaithe cuimsitheach***, agus atá curtha in iúl agus ailínithe go soiléir le ceanglais aontachais an Aontais. Beidh an Clár Oibre Athchóiriúcháin ina chreat uileghabhálach chun cuspóirí na Saoráide seo a bhaint amach. ***Ba cheart an Clár Oibre Athchóiriúcháin a ullmhú i ndlúthchomhar leis na geallsealbhóirí ábhartha, lena n-áirítear parlaimintí náisiúnta, comhlachtaí agus údaráis ionadaíocha réigiúnacha agus áitiúla, comhpháirtithe sóisialta agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta agus saineolaithe trí chomhairliúcháin lena ngabhann amchláir leordhóthanacha agus trédhearcacht leordhóthanach, agus nósanna imeachta iardain soiléire ann maidir leis an ionchur arna thabhairt. Ba cheart an Clár Oibre Athchóiriúcháin a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa.***

(25) Ba cheart eisíocaíocht thacaíocht an Aontais a bheith coinníollach ar ***gan marbhántacht marthanach a bheith ann,*** ar na coinníollacha íocaíochta ***soiléire agus réamhchinntithe*** a bheith á gcomhlíonadh agus ar dhul chun cinn intomhaiste, ***agus garspriocanna agus spriocanna comhfhreagracha ann***, i leith chur chun feidhme na n-athchóirithe a leagtar amach sna Cláir Oibre Athchóiriúcháin arna measúnú agus arna bhformheas go foirmiúil ag an gCoimisiún ***ar bhonn treoir inmheánach chun measúnú a dhéanamh ar chomhlíonadh sásúil na gcoinníollacha íocaíochta***. Ba cheart scaoileadh na gcistí a struchtúrú dá réir sin, agus cuspóirí na Saoráide á léiriú.

(26) Ba cheart bearta athchóirithe spriocdhírithe agus réimsí infheistíochta tosaíochta a áireamh sna Cláir Oibre Athchóiriúcháin, mar aon le coinníollacha íocaíochta i bhfoirm céimeanna cáilíochtúla agus cainníochtúla ***intomhaiste chomh maith le garspriocanna agus spriocanna comhfhreagracha*** lena léirítear dul chun cinn sásúil i leith na mbeart sin nó cur i gcrích sásúil na mbeart sin, agus tráthchlár táscach le haghaidh chur chun feidhme na mbeart sin. ***Ba cheart costáil tháscach ex-ante ar athchóirithe agus ar infheistíochtaí a áireamh sna Cláir Oibre Athchóiriúcháin freisin.*** Ba cheart na céimeanna sin a bheith beartaithe do thráth nach déanaí ná an 31 Lúnasa 2027, cé go bhféadfadh cur i gcrích foriomlán na mbeart dá dtagraíonn na céimeanna sin dul thar 2027, ach tráth nach déanaí ná an 31 Nollaig 2028.

(27) Ba cheart míniú ar chóras an Tairbhí chun neamhrialtachtaí, ***aon chineál*** éillithe, ***lena n-áirítear móréilliú mar aon le haon chineál fíniochais nó fabhraíochta***, calaoise agus coinbhleachtaí leasa a chosc, a bhrath agus a cheartú go héifeachtach, agus úsáid á baint as na cistí a sholáthraítear faoin tSaoráid, agus na socruithe ▌ chun cistiú dúbailte ón tSaoráid agus ó chláir eile an Aontais agus freisin ó dheontóirí eile a sheachaint***, trína n-áirithítear sláine agus úsáid optamach acmhainní leithdháilte***, a áireamh sna Cláir Oibre Athchóiriúcháin. ***Tar éis scaoileadh na gcistí, is leor measúnú airgeadais leanúnach tríd an gcóras bainistíochta agus rialaithe seanbhunaithe faoi chreat IPA III chun forluí a sheachaint.***

***(27a)*** ***Ba cheart mínithe mionsonraithe ar conas a rannchuidíonn siad leis an aistriú cóir agus digiteach sa réigiún a áireamh sna Cláir Oibre Athchóiriúcháin agus a mhíniú conas a áirithíonn na tairbhithe cur i bhfeidhm dhlí agus caighdeáin chomhshaoil an***

***Aontais agus, go háirithe, cur i bhfeidhm an phrionsabail 'Gan Dochar Suntasach a Dhéanamh'. Ba cheart mínithe ar conas a áirithíonn siad go mbíonn údaráis réigiúnacha agus áitiúla, mar aon le heagraíochtaí na sochaí sibhialta rannpháirteach, ar bhealach fóinteach, i gceapadh agus cur chun feidhme na gclár oibre athchóiriúcháin, agus go dtéitear i gcomhairle leo ina leith. Ba cheart a mhíniú tuilleadh, sna Cláir Oibre Athchóiriúcháin, conas a chuidíonn siad le rochtain an phobail ar fhaisnéis agus rannpháirtíocht an phobail a fheabhsú, lena n-áirítear rochtain ar fhaisnéis faoin gcomhshaol.***

(28) Leis na bearta faoi na Cláir Oibre Athchóiriúcháin, ba cheart ▌ rannchuidiú le feabhas a chur ar chóras éifeachtúil bainistíochta agus rialaithe airgeadais phoiblí, leis an gcomhrac in aghaidh ***aon chineál*** éillithe, ***agus freisin in aghaidh aon chineál finíochais nó fabhraíochta, frithsciúrtha airgid, seachanta cánach, imghabhála cánach***, calaoise agus coireachta eagraithe ***agus coinbhleachtaí leasa***, agus le córas éifeachtach rialaithe Státchabhrach, lena ndírítear ar dhálaí cothroma a áirithiú do gach gnóthas. Ba cheart don Tairbhí bearta den sórt sin a chur chun feidhme faoi dháta táscach a d'fhéadfaí a shocrú, a bheadh iomchuí i gcás gach birt, ag céim luath de chur chun feidhme na Saoráide.

(29) ***Ba cheart don Choimisiún na Cláir Oibre Athchóiriúcháin a fhoilsiú ar é iad a fháil***. Ba cheart don Choimisiún measúnú a dhéanamh ar gach Clár Oibre Athchóiriúcháin bunaithe ar an liosta ***soiléir agus neamhchlaonta*** critéar a leagtar amach sa Rialachán seo***, tar éis dó dul i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa maidir leis an bplean arna chur isteach***. Chun an Rialachán seo ***a fhorlíonadh***, ▌***ba cheart go mbeadh sé de chumhacht ag an gCoimisiún gníomh tarmligthe a ghlacadh***. ▌Déanfaidh an Coimisiún Cinneadh 2010/427/AE ón gComhairle, agus ról SEGS i gcás inarb iomchuí, a chur i gcuntas go cuí, agus go háirithe agus faireachán á dhéanamh aige ar chomhlíonadh an réamhchoinníll maidir le tacaíocht ón Aontas.

(30) Ba cheart an ***gníomh tarmligthe*** dá dtagraítear sa Rialachán seo a bheith ina chlár oibre ag an am céanna de réir bhrí Airteagal 110(2) den Rialachán Airgeadais i leith mhéid na tacaíochta airgeadais neamh-inaisíoctha faoin Rialachán seo.

(31) I bhfianaise an ghá atá le solúbthacht i gcur chun feidhme na Saoráide, ba cheart go mbeadh Tairbhí in ann iarraidh réasúnaithe a dhéanamh ar an gCoimisiún an ***gníomh tarmligthe*** a leasú, i gcás nach féidir an Clár Oibre Athchóiriúcháin, lena n-áirítear coinníollacha íocaíochta ábhartha, a bhaint amach a thuilleadh, go páirteach ná go hiomlán, de bharr imthosca oibiachtúla. Ba cheart go mbeadh Tairbhí in ann iarraidh réasúnaithe a dhéanamh go ndéanfaí an Clár Oibre Athchóiriúcháin a leasú, lena n-áirítear aguisín a mholadh i gcás inarb ábhartha.

(32) Ba cheart an Coimisiún a bheith in ann ***a mholadh go*** ndéanfaí an ***gníomh tarmligthe*** a leasú, go háirithe chun athrú ar na méideanna atá ar fáil a chur i gcuntas.

(33) I gcás athdháileadh tacaíochta faoin tSaoráid seo***, bunaithe ar chritéir shoiléire agus neamhchlaonta***, a d'fhágfadh go dtabhrfaí tacaíocht bhreise do Thairbhí, ba cheart don Tairbhí sin Clár Oibre Athchóiriúcháin athbhreithnithe a chur isteach ina mbeadh bearta breise a bheadh le baint amach ***ag an gCoimisiún, a tharchuirfidh chuig an bParlaimint é***.

(34) Ba cheart ***Creat***-Chomhaontú a thabhairt i gcrích le gach Tairbhí chun prionsabail an chomhair airgeadais idir an tAontas agus an Tairbhí a bhunú, agus chun sonrú a dhéanamh ar na sásraí is gá a bhaineann le rialú, maoirseacht, faireachán, meastóireacht,

tuairisciú agus iniúchadh an chistithe ón Aontas faoin tSaoráid, na rialacha maidir le cánacha, dleachtanna agus muirir agus bearta chun neamhrialtachtaí, calaois, ***aon chineálacha*** éillithe***, lena n-áirítear móréilliú, aon chineálacha fíniochais nó fabhraíochta*** agus coinbhleachtaí leasa a chosc, a bhrath, a imscrúdú agus a cheartú. Uime sin, ba cheart comhaontú iasachta a thabhairt i gcrích le gach Tairbhí freisin ina leagtar amach forálacha sonracha maidir le bainistiú agus cur chun feidhme an chistithe a sholáthraítear i bhfoirm iasachtaí. ***Comhroinnfear an Creat-Chomhaontú agus an Comhaontú Iasachta le Parlaimint na hEorpa.***

***(34a) Tríd an gCreat-Chomhaontú, ba cheart oibleagáid a chur ar na tairbhithe a áirithiú go mbaileofar sonraí, agus go mbeidh rochtain orthu, i gcomhréir le prionsabail an Aontais i ndáil le cosaint sonraí agus i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme maidir le cosaint sonraí, mar aon le sonraí leormhaithe ar dhaoine agus eintitis a fhaigheann cistiú, lena n-áirítear faisnéis faoi úinéireacht thairbhiúil, chun na Clair Oibre Athchóiriúcháin a chur chun feidhme;***

(35) Ba cheart go bhféadfaí tacaíocht airgeadais a thabhairt don Chlár Oibre Athchóiriúcháin i bhfoirm iasachta. I gcomhthéacs riachtanais mhaoiniúcháin na mBalcán Thiar, is iomchuí eagrú a dhéanamh ar an gcúnamh airgeadais faoin straitéis cistiúcháin éagsúlaithe dá bhforáiltear in Airteagal 220a de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 agus a bhunaítear mar mhodh cistiúcháin aonair ann, a meastar go bhfeabhsóidh sé leachtacht bhannaí an Aontais agus tarraingteacht agus costéifeachtúlacht eisiúint an Aontais.

(36) Is iomchuí iasachtaí a sholáthar do na Tairbhithe ar théarmaí ar ardleibhéal lamháltais a mhairfidh 40 bliain ar a mhéad agus gan tús a chur le haisíocaíocht na príomhshuime roimh 2034. Is iomchuí freisin maolú ar Airteagal 220(4) de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046.

(37) Ós rud é go bhfuil na rioscaí airgeadais a bhaineann leis an tacaíocht do na Tairbhithe i bhfoirm iasachtaí faoin Ionstraim seo inchomparáide leis na rioscaí airgeadais a bhaineann le hoibríochtaí iasachtaithe faoi Rialachán (AE) 2021/947, ba cheart soláthar le haghaidh dliteanas airgeadais ó iasachtaí faoin Rialachán seo a dhéanamh ag ráta 9 %, i gcomhréir le hAirteagal 211 de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 agus ba cheart cistiú an tsoláthair a fháil ó imchlúdach EUR 2 bhilliún faoin tsaoráid sin.

(38) Chun a áirithiú go mbeidh an ráta soláthair leormhaith fós maidir leis na rioscaí airgeadais, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a tharmligean chuig an gCoimisiún i ndáil leis an ráta soláthair a leasú. Tá sé tábhachtach go háirithe go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe***, agus freisin le Coistí ábhartha Pharlaimint na hEorpa. Ba cheart*** na comhairliúcháin ***sin*** a dhéanamh i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr[1]. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann ***agus trédhearcacht*** in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, ***gheobhaidh*** Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ***ón gCoimisiún*** ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus bíonn rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bhíonn ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

1 IO L 123, 12.5.2016, lch. 1.

(39) Chun giaráil thacaíocht airgeadais an Aontais a uasmhéadú chun infheistíocht bhreise a mhealladh, agus chun a áirithiú go ndéanfaidh an tAontais an ciateachas a rialú, ba cheart na hinfheistíochtaí bonneagair a thacaíonn leis na Cláir Oibre Athchóiriúcháin a chur chun feidhme trí WBIF. Níor cheart tionscadail aonair ná cláir aonair a chur faoi bhráid Bhord Oibríochtúil WBIF chun a thuairim a fháil ina leith ach ar na coinníollacha íocaíochta ábhartha a shainítear sna Cláir Oibre Athchóiriúcháin a bheith curtha i gcrích. I gcás nach gcomhlíonfar na coinníollacha íocaíochta ábhartha le haghaidh infheistíochtaí laistigh de bhliain amháin, féadfaidh an Coimisiún an cistiú infheistíochta faoi WBIF a athdháileadh ar na Tairbhithe eile.

(40) Chun a áirithiú go mbeidh fáil ag na Tairbhithe ar chistiú gnólachtaí nuathionscanta chun na chéad athchóirithe a chur chun feidhme, ba cheart rochtain a bheith ag gach Tairbhí ar suas le 7 % den mhéid iomlán dá bhforáiltear faoin tSaoráid seo i bhfoirm réamh-mhaoinithe, faoi réir cistiú a bheith ar fáil agus na réamhchoinníollacha le haghaidh na tacaíochta faoin tSaoráid a bheith á n-urramú.

(41) Tá sé tábhachtach solúbthacht agus clársceidealú araon a ráthú agus tacaíocht ón Aontas á soláthar do Thairbhithe na mBalcán Thiar. Chun na críche sin, ba cheart cistí faoin tSaoráid a scaoileadh de réir sceideal seasta leathbhliantúil, faoi réir cistiú a bheith ar fáil, bunaithe ar iarraidh ar chistí arna gcur isteach ag na Tairbhithe a scaoileadh agus tar éis don Choimisiún fíorú a dhéanamh ar chomhlíonadh sásúil na gcoinníollacha ginearálta a bhaineann le cobhsaíocht mhacra-airgeadais, le bainistíocht fhónta airgeadais phoiblí, le trédhearcacht agus formhaoirseacht an bhuiséid agus leis na coinníollacha íocaíochta ábhartha***, eadhon cur chun feidhme na mbeart ábhartha***. I gcás nach gcomhlíontar coinníoll íocaíochta ***ná nach ndéantar na bearta ábhartha a chur chun feidhme*** i gcomhréir leis an amlíne tháscach a leagtar síos sa chinneadh lena bhformheastar an Clár Oibre Athchóiriúcháin, d'fhéadfadh an Coimisiún cuid de na cistí nó na cistí iomlána a chomhfhreagraíonn don choinníoll sin a choinneáil siar. D'fhéadfaí na cistí comhfhreagracha arna gcoinneáil siar a eisíoc le linn na chéad tréimhse íocaíochta eile agus suas le 12 mhí tar éis an sprioc-ama bhunaidh a leagtar amach san amlíne tháscach, ar choinníoll go mbeidh na coinníollacha íocaíochta comhlíonta ***nó go mbeidh na bearta ábhartha curtha chun feidhme***. Sa chéad bhliain den chur chun feidhme, ba cheart síneadh a chur leis an sprioc-am sin go 24 mhí ón measúnú diúltach tosaigh.

***(41a) Chun tacú leis an leibhéal iomchuí trédhearcachta a théann chun tairbhe do chosaint leasanna airgeadais an Aontais, is é a bheidh san fhaighteoir deiridh le haghaidh tacaíocht ón tSaoráid ná an duine nádúrtha nó an t-eintiteas a fhaigheann, ar dhóigh de facto, cistiú an Aontais, arb é an conraitheoir nó an fochonraitheoir é i gcás údarás conarthach. Níor cheart a mheas go bhfuil aireachtaí, gníomhaireachtaí nó comhlachtaí rialtais a dhéanann maoirseacht, rialáil, nó riar ar na cistí ina bhfaighteoirí deiridh ach nuair a bhíonn baint acu féin le cur i gcrích agus le cur i bhfeidhm díreach na hoibre nó na seirbhíse agus nuair a dhéanann siad na costais ghaolmhara a sheasamh.***

(42) De mhaolú ar Airteagal 116(2) agus (5) de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046, is iomchuí an spriocdháta íocaíochta le haghaidh ranníocaíochtaí le buiséid stáit a shocrú ó thús an dáta a chuirtear an cinneadh lena n-údaraítear an eisíocaíocht leis an Tairbhí in iúl agus íocaíocht úis mainneachtana ón gCoimisiún leis an Tairbhí a eisiamh.

(43) Faoi chuimsiú bhearta sriantacha an Aontais, arna nglacadh ar bhonn Airteagal 29 den Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE) agus 215(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an

Aontais Eorpaigh (CFAE), ní fhéadfar aon chistí nó acmhainní eacnamaíocha a chur ar fáil, go díreach ná go hindíreach, do dhaoine, eintitis nó comhlachtaí dlítheanacha ainmnithe, ná chun a dtairbhe siúd, ***ná d'oibreoirí tríú tír a éascaíonn sárú smachtbhannaí AE***. Dá bhrí sin, ní féidir tacaíocht ón tSaoráid a thabhairt do na heintitis ainmnithe sin ná d'eintitis atá faoi úinéireacht nó faoi rialú acu.

(44) I gcomhréir le Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046, Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1] agus Rialacháin (CE, Euratom) Uimh. 2988/95[2], (Euratom, CE) Uimh. 2185/96[3] agus (AE) 2017/1939 ón gComhairle[4], tá leasanna airgeadais an Aontais le bheith cosanta trí bhíthin bearta comhréireacha, lena n-áirítear bearta a bhaineann le neamhrialtachtaí, calaois, ***gach cineál*** éillithe, ***lena n-áirítear móréilliú, gach cineál finíochais nó fabhraíochta***, coinbhleachtaí leasa, cistiú dúbailte a chosc, a bhrath, a cheartú agus a imscrúdú, lena n-áirítear calaois, le haisghabháil cistí arna gcailleadh, arna n-íoc go mícheart nó arna n-úsáid go mícheart***, agus i gcás inarb iomchuí, le forchur pionós riaracháin***.

(45) Go háirithe, i gcomhréir le Rialacháin ( Euratom, CE) Uimh. 2185/96 agus (AE, Euratom) Uimh. 833/2013, ba cheart an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) a bheith in ann imscrúduithe riaracháin a dhéanamh, lena n-áirítear seiceálacha agus cigireachtaí ar an láthair, d'fhonn a shuí ar tharla calaois, éilliú nó aon ghníomhaíocht neamhdhleathach eile a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais ***le linn chur chun feidhme an chúnaimh***.

***(45a) Ba cheart don Choimisiún a áirithiú go ndéanfar leasanna airgeadais an Aontais a chosaint go héifeachtach faoin tSaoráid. Chuige sin, ba cheart Bord Iniúchóireachta neamhspleách a chur ar bun chun faisnéis a sholáthar don Choimisiún faoi mhíbhainistiú a d'fhéadfadh a bheith á dhéanamh ar chistí agus chun a ráthú go mbainfí amach dearbhú urrúis trí iniúchadh seachtrach neamhspleách. Ba cheart an Bord Iniúchóireachta a bheith faoi réir na n-oibleagáidí tuairiscithe chuig Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (OIPE), i gcomhréir le hAirteagal 24(1) de Rialachán (AE) 2017/1939. Ba cheart an fhaisnéis sin a chur ar fáil do OLAF agus do OIPE, nuair is infheidhme, agus, i gcás inarb iomchuí, d'údaráis ábhartha Thairbhithe na mBalcán Thiar. Ba cheart an Coimisiún, le cúnamh ó thoscaireachtaí***

---

[1] Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Meán Fómhair 2013 maidir le himscrúduithe arna ndéanamh ag an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1073/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (Euratom) Uimh. 1074/1999 ón gComhairle (IO L 248, 18.9.2013, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2013/883/oj).

[2] Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 2988/95 ón gComhairle an 18 Nollaig 1995 maidir le leasanna airgeadais na gComhphobal Eorpach a chosaint (IO L 312, 23.12.1995, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/1995/2988/oj).

[3] Rialachán (Euratom, CE) Uimh. 2185/96 ón gComhairle an 11 Samhain 1996 maidir le seiceálacha agus cigireachtaí ar an láthair arna ndéanamh ag an gCoimisiún chun leasanna airgeadais na gComhphobal Eorpach a chosaint in aghaidh na calaoise agus neamhrialtachtaí eile (IO L 292, 15.11.1996, lch. 2, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/1996/2185/oj).

[4] Rialachán (AE) 2017/1939 ón gComhairle an 12 Deireadh Fómhair 2017 lena gcuirtear chun feidhme comhar feabhsaithe maidir le bunú Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh ('OIPE') (IO L 283, 31.10.2017, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2017/1939/oj).

***an Aontais, a bheith i dteideal seiceálacha a dhéanamh ar conas a chuireann Tairbhithe na mBalcán Thiar cistí chun feidhme ar feadh shaolré iomlán an tionscadail. Ba cheart cistiú leordhóthanach agus acmhainní daonna leordhóthanacha a sholáthar don Choimisiún i dtreo is go bhféadfaidh sé an t-iniúchadh agus na seiceálacha a dhéanamh. Ba cheart don Bhord Iniúchóireachta idirphlé agus comhar rialta le Cúirt Iniúchóirí na hEorpa a áirithiú.***

(46) I gcomhréir le hAirteagal 129 de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046, ba cheart na cearta agus an rochtain is gá a thabhairt don Choimisiún, do OLAF, do Chúirt Iniúchóirí na hEorpa agus, i gcás inarb infheidhme, do OIPE ,lena n-áirítear ag tríú páirtithe a bhfuil baint acu le cur chun feidhme chistí an Aontais. ***Tabharfar na cearta agus an rochtain is gá do Pharlaimint na hEorpa freisin. Ba cheart do na Balcáin Thiar úsáid a bhaint as an gCóras Luathbhraite agus Eisiaimh agus neamhrialtachtaí maidir le húsáid na gcistí a thuairisciú don Choimisiún freisin.***

(47) Ba cheart don Choimisiún a áirithiú go ndéanfar leasanna airgeadais an Aontais a chosaint go héifeachtach faoin tSaoráid. Ag an am céanna, i bhfianaise go bhfuil cúnamh airgeadais á sholáthar do Thairbhithe na mBalcán Thiar le fada an lá faoi bhainistíocht indíreach freisin agus ailíniú Thairbhithe na mBalcán Thiar de réir a chéile le caighdeáin agus cleachtais rialaithe inmheánaigh an Aontais á gcur i gcuntas, féadfaidh an Coimisiún brath go mór ar oibriú na gcóras náisiúnta rialaithe inmheánaigh agus na gcóras coiscthe calaoise. Go háirithe, ba cheart an Coimisiún agus OLAF a chur ar an eolas gan mhoill faoin uile chás amhrasta neamhrialtachtaí, calaoise, éillithe agus coinbhleachta leasa a dhéanann difear do chur chun feidhme cistí faoin tSaoráid, ***lena n-áirítear ag údaráis náisiúnta na mBallstát a bhfuil seilbh acu ar shonraí leordhóthanacha agus iontaofa ó fhoinsí inchreidte agus oifigúla***. ***Ba cheart don Choimisiún agus do OLAF meastóireacht a dhéanamh ar na córais coiscthe calaoise sin agus moltaí le haghaidh uasghráduithe nó socruithe a sholáthar do na Tairbhithe i gcomhréir le acquis an Aontais i gcás easnamh***. ***Ba cheart an Coimisiún an fhaisnéis ar úinéirí tairbhiúla na n-eintiteas dlítheanach a bhaineann tairbhe as an tSaoráid a fháil agus liosta de na daoine agus na heintitis dhlítheanacha a fhaigheann níos mó ná EUR 50000 go carnach ón tSaoráid a fhoilsiú***.

(48) Ina theannta sin, ba cheart do na tairbhithe na neamhrialtachtaí, lena n-áirítear calaois, ab ábhar do chinneadh riaracháin nó breithiúnach príomha, a thuairisciú gan mhoill don ***Bhord Iniúchóireachta agus*** don Choimisiún agus ***iad*** a choinneáil ar an eolas faoin dul chun cinn i leith ***imeachtaí*** riaracháin agus dlí. Chun an tuairisciú a chur i gcomhréir le dea-chleachtais sna Ballstáit, ba cheart an tuairisciú sin a dhéanamh go leictreonach, tríd an gCóras Bainistíochta Mírialtachtaí, arna bhunú ag an gCoimisiún, a úsáid.

***(48a) Chun dul chun cinn i leith chuspóirí na Saoráide a thomhas, ba cheart don Choimisiún agus don Tairbhí comhghaol soiléir a bhunú idir na méideanna arna n-íoc a chuirtear ar fáil don Tairbhí, i dtacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha agus iasachtaí, agus na costais arna dtabhú chun táscairí a bhaint amach.***

(49) Ba cheart do gach Tairbhí córas faireacháin a bhunú a chuirfidh le tuarascáil leathbhliantúil ar chomhlíonadh choinníollacha íocaíochta a Chláir Oibre a ghabhfaidh leis an iarraidh leathbhliantúil ar scaoileadh cistí. Ba cheart do na Tairbhithe sonraí agus faisnéis a fhágann gur féidir neamhrialtachtaí, calaois, ***aon chineál*** éillithe, ***lena n-áirítear móréilliú, aon chineál finíochais nó fabhraíochta,*** agus coinbhleachtaí leasa a

chosc, a bhrath agus a cheartú, i ndáil leis na bearta a fhaigheann tacaíocht ón tSaoráid, a bhailiú agus rochtain a sholáthar orthu.

(50) Ba cheart don Choimisiún a áirithiú go mbeidh sásraí faireacháin agus meastóireachta soiléire agus ***neamhchlaonta*** i bhfeidhm i dtreo is go mbeidh cuntasacht éifeachtach agus trédhearcacht ann agus buiséad an Aontais á chur chun feidhme, agus chun a áirithiú go ndéanfar measúnú éifeachtach ar an dul chun cinn i leith cuspóirí an Rialacháin seo a bhaint amach.

(51) Ba cheart don Choimisiún tuarascáil bhliantúil ar an dul chun cinn i leith chur chun feidhme an Rialacháin agus na Saoráide a sholáthar do Pharlaimint na hEorpa agus don Choiste dá dtagraítear sa Rialachán seo. ***Ba cheart go n-áireofaí sa tuarascáil sin measúnú mionsonraithe ar bhreisluach agus breisíocht na Saoráide, ar shineirgí agus comhlántachtaí idir an tacaíocht a chumhdaítear faoin tSaoráid agus Rialachán (AE) 2021/1529, mar aon le tuairisc ar na socruithe agus na bearta arna ndéanamh ag an gCoimisiún chun cistiú dúbailte a sheachaint, d'fhonn buiséad an Aontais a chosaint. Ba cheart idirphlé rialta le Parlaimint na hEorpa agus a coistí ábhartha a bhunú.***

***(51a) Mar bheart cuntasachta poiblí, ba cheart do na rialtais thairbhíocha, lena n-áirítear na hairí ábhartha, na Parlaimintí Tairbhíocha a chur ar an eolas go rialta faoi chur chun feidhme na gClár OibreAthchóiriúcháin faoi seach. Chun a áirithiú go mbeidh trédhearcacht ann, tá sé ríthábhachtach an fhaisnéis ábhartha uile a sholáthar do na Parlaimintí Tairbhíocha in am, rud a fhágfaidh go bhféadfar dul i mbun idirphlé idirinstitiúideach idirghníomhach gach trí mhí ar a laghad le comhaltaí ábhartha den chomh-aireacht. Ba cheart tuairisciú lena gcumasaítear maoirseacht a sholáthar freisin mar chuid d'fhormheas bliantúil bhuiséad an Tairbhí.***

(52) Ba cheart don Choimisiún meastóireacht a dhéanamh ar an tSaoráid ar í a bheith curtha i gcrích ***agus torthaí na meastóireachta sin a thíolacadh sna coistí freagracha i bParlaimint na hEorpa***.

(53) Ba cheart do na Tairbhithe ***tacú le*** meáin iolraíocha shaora a dhéanann ***an*** tuiscint ar luachanna an Aontais, agus ar na tairbhí agus na hoibleagáidí a bhaineann le ballraíocht ionchasach san Aontas, ***a fheabhsú*** agus ***a chur chun cinn***, agus fós aghaidh a thabhairt ar bhréagaisnéis agus ar ionramháil ***agus cur isteach eachtrach*** ar fhaisnéis. ***Is gá*** infheictheacht chistiú an Aontais a áirithiú, ***lena n-áirítear trí fheachtais chumarsáide éifeachtacha arna réachtáil ag an gCoimisiún Eorpach agus ag Toscaireachtaí an Aontais ar an láthair chun sochar chúnamh an Aontais don Tairbhí a chur chun cinn***.

(54) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóirí an Rialacháin seo a ghnóthú go leordhóthanach agus gur fearr is féidir iad a ghnóthú ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta mar a leagtar amach in Airteagal 5 CAE. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta mar a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí sin a bhaint amach.

(55) ▌ Ba cheart an Rialachán seo a theacht i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

# CAIBIDIL I

## Forálacha ginearálta

### Airteagal 1
### Ábhar

1. Leis an Rialachán seo, bunaítear an tSaoráid Athchóirithe agus Fáis le haghaidh na mBalcán Thiar (‘an tSaoráid’).

Leagtar síos leis cuspóirí na Saoráide, maoiniú na Saoráide, an buiséad don tréimhse 2024-2027, foirmeacha cistithe ón Aontas fúithi agus na rialacha a bhaineann leis an gcistiú sin a sholáthar.

2. Déanfaidh an tSaoráid ***Rialachán (AE) 2021/1529 a chomhlánú*** chun cúnamh a chur ar fáil do na Balcáin Thiar chun athchóirithe socheacnamaíocha ***cuimsitheacha agus inbhuanaithe atá i gcomhréir le luachanna an Aontais*** agus infheistíochtaí socheacnamaíocha a dhéanamh chun a gCláir Oibre um Athchóiriú faoi seach a chur chun feidhme, mar a leagtar amach i gCaibidil III. ***Rannchuideoidh an tSaoráid freisin leis an mbochtaineacht a chomhrac agus le dul i ngleic leis an dífhostaíocht, agus cruthófar poist ardcháilíochta de thoradh uirthi.***

### Airteagal 2
### Sainmhínithe

Chun críocha an Rialacháin seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

1. Ciallaíonn ‘tairbhí’ aon cheann díobh seo a leanas: An Albáin, an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin, an Chosaiv[redacted], Montainéagró, an Mhacadóin Thuaidh agus an tSeirbia.

2. Ciallaíonn ‘Pacáiste um Méadú’ an Teachtaireacht bhliantúil maidir le beartas an Aontais um Méadú agus na doiciméid inmheánacha oibre a ghabhann léi.

3. Ciallaíonn ‘***Creat-Chomhaontú***’ socrú arna thabhairt i gcrích idir an Coimisiún agus an Tairbhí lena leagtar síos prionsabail an chomhair airgeadais idir an Tairbhí agus an Coimisiún faoin Rialachán seo. Is éard atá sa socrú seo comhaontú maoinithe de réir bhrí Airteagal 114(2) de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 maidir le Cistí faoi Airteagal 6(2) pointe a.

4. Ciallaíonn ‘comhaontú iasachta’ socrú arna thabhairt i gcrích idir an Coimisiún agus an Tairbhí lena leagtar síos na coinníollacha is infheidhme chun tacú leis an tSaoráid.

5. Ciallaíonn ‘Cláir Oibre um Athchóiriú’ pacáiste cuimsitheach de shraith chomhleanúnach thosaíochta d’athchóirithe spriocdhírithe ***atá i gcomhréir le luachanna an Aontais*** agus tosaíochtaí infheistíochta i ngach Tairbhí, lena n-áirítear coinníollacha íocaíochta lena léirítear dul chun cinn sásúil nó cur i gcrích sásúil na mbeart sin, agus tráthchlár táscach le haghaidh chur chun feidhme na mbeart sin.

6. Ciallaíonn ‘bearta’ athchóirithe agus infheistíochtaí faoi na Cláir Oibre Athchóiriúcháin de bhun Chaibidil III.

7. Ciallaíonn ‘Coinníollacha Íocaíochta’ coinníollacha maidir le scaoileadh cistí i bhfoirm céimeanna inbhraite agus intomhaiste cáilíochtúla nó cainníochtúla atá le cur

chun feidhme ag na Tairbhithe, mar a leagtar amach sna Cláir Oibre Athchóiriúcháin de bhun Chaibidil III mar choinníollacha maidir le scaoileadh cistí;

8. Ciallaíonn 'oibríocht mheasctha' oibríocht a fhaigheann tacaíocht ó bhuiséad an Aontais, lena gcomhcheanglaítear foirmeacha tacaíochta neamh-inaisíoctha, ó bhuiséad an Aontais le foirmeacha inaisíoctha tacaíochta ó institiúidí forbartha nó ó institiúidí airgeadais poiblí eile, nó ó institiúidí airgeadais tráchtála agus ó infheisteoirí.

***8a. Ciallaíonn 'faighteoir deiridh' conraitheoir, fochonraitheoir, saineolaí seachtrach ar luach saothair nó aon duine nó eintiteas a fhaigheann duaiseanna nó cistí faoin tSaoráid.***

***8b. ciallaíonn 'gan dochar suntasach a dhéanamh' gan tacú le gníomhaíochtaí eacnamaíocha ná gan iad a dhéanamh, ar gníomhaíochtaí iad lena ndéantar dochar suntasach d'aon chuspóir comhshaoil, dá dtagraítear de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852.***

Airteagal 3
Cuspóirí na Saoráide

1. Beidh na cuspóirí ginearálta seo a leanas ag an tSaoráid:

(a) dlús a chur le comhtháthú eacnamaíoch réigiúnach ***agus forbairt chothrom réigiúnach a chur chun cinn trí chomhtháthú sóisialta agus críochach*** agus comhtháthú forásach le margadh aonair an Aontais ***a neartú***;

(b) dlús a chur le cóineasú socheacnamaíoch gheilleagair na dTairbhithe***, lena n-áirítear dícharbónú a ngeilleagar, agus sochaithe*** leis an Aontas;

(c) ***i gcomhréir le cuspóir ginearálta IPA III***, dlús a chur le hailíniú le luachanna, dlíthe, rialacha, caighdeáin, beartais agus cleachtais an Aontais ***trí athchóirithe a ghlacadh agus a chur chun feidhme*** d'fhonn ballraíocht a ghlacadh san Aontas ***amach anseo***

2. ***Beidh*** na cuspóirí sonracha seo a leanas ag an tSaoráid:

(a) dlús a chur le haistriú na dTairbhithe chuig geilleagair inbhuanaithe ***aeráidneodracha*** chuimsitheacha a bheidh in ann brú margaidh iomaíoch mhargadh aonair an Aontais a sheasamh, agus chuig timpeallacht chobhsaí infheistíochta ***agus spleáchais straitéiseacha a laghdú***;

(b) borradh a chur faoin gcomhtháthú eacnamaíoch réigiúnach ***bunaithe ar rialacha agus ar chaighdeáin an Aontais,*** go háirithe trí dhul chun cinn ***nithiúil*** i mbunú an Chómhargaidh Réigiúnaigh***, a comhaontaíodh in 2020 mar chuid de Phróiseas Bheirlín***;

(c) borradh a chur faoi chomhtháthú eacnamaíoch na dTairbhithe le margadh aonair an Aontais, ***lena n-áirítear trí thionscail áitiúla agus slabhraí luacha athléimneacha an Aontais a chur chun cinn***;

(d) tacú le comhtháthú eacnamaíoch réigiúnach***, aghaidh a thabhairt ar dhúshláin shóisialta, tacú le comhtháthú sóisialta agus críochach, ailíniú le Colún Eorpach na gCeart Sóisialta, chomh maith le*** comhtháthú feabhsaithe le margadh aonair an Aontais trí nascacht fheabhsaithe ***agus inbhuanaithe*** sa réigiún i gcomhréir le Gréasáin Thras-Eorpacha;

(e) ***cosaint an chomhshaoil agus an bhithéagsúlacht a neartú agus*** dlús a chur leis an aistriú glas ***cuimsitheach agus inbhuanaithe chuig neodracht aeráide faoi 2050 ar a dhéanaí, i gcomhréir le Comhaontú Pháras agus leis an gComhaontú Glas***, i gcomhréir le Clár Oibre Glas 2020 do na Balcáin Thiar agus gach earnáil eacnamaíoch a chumhdach, go háirithe earnáil an fhuinnimh ***inbhuanaithe agus earnáil na talmhaíochta,*** lena n-áirítear an t-aistriú chuig geilleagar atá dícharbónaithe, aeráidneodrach, athléimneach ó thaobh na haeráide de agus ciorclach***, agus a áirithiú ag an am céanna go ndéanfar gach infheistíocht a ailíniú go hiomlán le acquis aeráide an Aontais agus leis an bprionsabal 'gan dochar suntasach a dhéanamh' agus go n-urramófar iad;***

(f) an claochlú digiteach ***agus scileanna digiteacha*** a chur chun cinn mar chumasóir don fhorbairt inbhuanaithe agus don fhás cuimsitheach;

(g) borradh a chur faoin nuálaíocht***, faoin taighde agus faoin gcomhar idir institiúidí acadúla agus lucht an tionscail*** ▌ chun tacú leis an aistriú glas agus leis an aistriú digiteach***, agus béim ar leith á leagan ar mhicrifhiontair, ar fhiontair bheaga agus mheánmhéide agus ar ghnólachtaí nuathionscanta atá bunaithe go háitiúil***;

(h) borradh a chur ***faoin oideachas*** ardcháilíochta, ***oiliúint, athsciliú agus uas-sciliú ar gach leibhéal,agus béim ar leith á leagan ar an óige***, agus ***ar bheartais*** fostaíochta ***i gcomhréir le tosaíochtaí aontachais an Aontais, lena n-áirítear na tosaíochtaí sin chun dul i ngleic leis an dífhostaíocht i measc na hóige, imirce daoine oilte a chosc agus tacú le pobail leochaileacha***;

(i) bunphrionsabail phróiseas an mhéadaithe, lena n-áirítear an smacht reachta, an daonlathas, urramú chearta an duine***, lena n-áirítear cearta bunúsacha saothair, rochtain ar chúram sláinte***, agus saoirsí bunúsacha ***agus an comhrac i gcoinne coireanna fuatha***, a neartú tuilleadh, trí ***institiúidí daonlathacha a neartú, lena n-áirítear ar an leibhéal réigiúnach agus ar an leibhéal áitiúil***, trí bhreithiúnacht neamhspleácha a chur chun cinn, slándáil treisithe, ***tríd an*** gcomhrac i gcoinne na calaoise ***agus gach cineál*** éillithe ***a neartú***, lena ***n-áirítear móréillitheacht agus struchtúir olagarcacha, aon chineál finíochais agus fabhraíochta agus coinbhleachtaí leasa, coireacht*** eagraithe, ***coireacht agus sciúradh airgid trasteorann*** agus ***maoiniú*** sceimhlitheoireachta, ***imghabháil cánach, seachaint cánach, pleanáil ionsaitheach cánach agus calaois chánach, scaipeadh na bréagaisnéise agus cur isteach eachtrach foghach;*** comhlíonadh an dlí idirnáisiúnta ***agus ailíniú le Comhbheartas Eachtrach agus Slándála an Aontais***; saoirse ***agus neamhspleáchas*** na meán agus saoirse acadúil agus timpeallacht chumasúcháin don tsochaí shibhialta a neartú; idirphlé sóisialta a chothú ***agus a áirithiú go neartófar cumais na ngeallsealbhóirí, lena n-áirítear na comhpháirtithe sóisialta***; comhionannas inscne, ***príomhshruthú inscne agus cumhachtú na mban agus na gcailíní,*** neamh-idirdhealú agus caoinfhulaingt a chur chun cinn, chun urraim do chearta mionlach ***uile*** a áirithiú agus a neartú, ***lena n-áirítear mionlaigh eitneacha agus reiligiúnacha, an pobal LADTI, agus daoine ar de ghrúpaí leochaileacha eile iad***; ***cuimsiú agus inrochtaineacht do dhaoine faoi mhíchumas a fheabhsú***;

(j) éifeachtacht an riaracháin phoiblí a threisiú***, rochtain ar fhaisnéis a áirithiú, lena n-áirítear faisnéis faoin gcomhshaol, grinnscrúdú poiblí agus rannpháirtíocht na sochaí sibhialta i bpróisis chinnteoireachta, tacú le dílárú***

***agus le forbairt áitiúil;*** tacú le trédhearcacht, le cuntasacht, le hathchóirithe struchtúracha agus le dea-rialachas ar gach leibhéal, lena n-áirítear ***a mhéid a bhaineann lena gcumhachtaí maoirseachta agus fiosrúcháin maidir le dáileadh cistí poiblí agus rochtain orthu agus*** i réimsí na bainistíochta airgeadais poiblí agus an tsoláthair phoiblí agus an rialaithe státchabhrach***, agus cosaint éifeachtach sceithirí a áirithiú***; ***acmhainneachtaí áitiúla a fhorbairt agus infheistíocht a dhéanamh i bhfoireann riaracháin sna Tairbhithe agus spreagadh a thabhairt chun saineolaithe a thabhairt ar iasacht do na hinstitiúidí náisiúnta atá freagrach as an tSaoráid a chur chun feidhme sna Tairbhithe;*** tacú le tionscnaimh agus comhlachtaí a bhfuil baint acu le tacú leis an gceartas idirnáisiúnta i gcríocha Thairbhithe na mBalcán Thiar agus leis an gceartas sin a fhorfheidhmiú***;***

*(ja)* ***comhar réigiúnach agus trasteorann, dea-chaidreamh comharsanachta, athmhuintearas, chomh maith le teagmháil duine le duine, a threisiú***.

Airteagal 4
Prionsabail Ghinearálta

***-1. An creat beartais um méadú arna shainiú ag an gComhairle Eorpach agus ag an gComhairle, na comhaontuithe lena mbunaítear caidreamh atá ceangailteach ó thaobh dlí leis na Tairbhithe, chomh maith le rúin ó Pharlaimint na hEorpa, teachtaireachtaí ón gCoimisiún agus teachtaireachtaí comhpháirteacha ón gCoimisiún agus ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála, siúd uile a bheidh sa chreat beartais foriomlán le haghaidh chur chun feidhme an Rialacháin seo. Áiritheoidh an Coimisiún go mbeidh comhleanúnachas idir an cúnamh faoin Rialachán seo agus an creat beartais um méadú.***

1. Beidh an comhar faoin tSaoráid ***bunaithe ar riachtanais*** agus cuirfidh sé prionsabail éifeachtacht na forbartha chun cinn, ar fud na módúlachtaí uile, eadhon na tosaíochtaí forbartha a bheith faoi úinéireacht na dTairbhithe, díriú ***choinníollacht shoiléir agus*** ar thorthaí ***nithiúla***, comhpháirtíochtaí cuimsitheacha ***leis na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha, na comhpháirtithe sóisialta, eagraíochtaí na sochaí sibhialta agus comhlachais dheonacha, agus dea-chaidreamh comharsanachta***, trédhearcacht agus cuntasacht fhrithpháirteach. Beidh an comhar bunaithe ar acmhainní a leithdháileadh agus a úsáid ar bhealach éifeachtach agus éifeachtúil.

2. Beidh tacaíocht ón tSaoráid sa bhreis ar thacaíocht arna cur ar fáil faoi chláir agus ionstraimí eile de chuid an Aontais. Féadfaidh gníomhaíochtaí atá incháilithe do chistiú faoin Rialachán seo tacaíocht a fháil ó chláir agus ionstraimí eile de chuid an Aontais ar choinníoll nach gcumhdaíonn an tacaíocht sin an costas céanna ***agus go mbunófar maoirseacht iomchuí agus rialú buiséadach iomchuí***. ***Áiritheoidh an Coimisiún comhlántachtaí agus sineirgí idir an tSaoráid agus cláir eile de chuid an Aontais, d'fhonn dúbláil cúnaimh agus cistiú dúbailte a sheachaint. Ní bheidh aon fhorluí idir an tacaíocht a sholáthraítear faoin Rialachán seo agus faoi Rialachán (AE) 2021/1529***.

3. Chun comhlántacht agus éifeachtúlacht a ngníomhaíochta a chur chun cinn, oibreoidh an Coimisiún agus na Ballstáit i gcomhair lena chéile agus ***déanfaidh*** ▌ siad dúbailt a sheachaint maidir le cúnamh faoin Rialachán seo agus cúnamh eile a sholáthraíonn an tAontas, na Ballstáit, tríú tíortha, eagraíochtaí agus eintitis iltaobhacha agus

réigiúnacha, amhail eagraíochtaí idirnáisiúnta agus na hinstitiúidí idirnáisiúnta airgeadais ábhartha, gníomhaireachtaí ábhartha agus deontóirí ábhartha nach den Aontas iad, i gcomhréir leis na prionsabail sheanbhunaithe chun comhordú oibríochtúil a neartú i réimse an chúnaimh sheachtraigh, lena n-áirítear trí chomhordú feabhsaithe leis na Ballstáit ar an leibhéal áitiúil.

***3a. Ní thiocfaidh soláthar cúnaimh mhacra-airgeadais faoi raon feidhme an Rialacháin seo.***

4. ***Beidh*** gníomhaíochtaí faoin tSaoráid ***i gcomhréir le caighdeáin shóisialta, aeráide agus chomhshaoil an Aontais, déanfaidh siad*** príomhshruthú maidir le maolú ar an athrú aeráide agus oiriúnú don athrú aeráide, cosaint na bithéagsúlachta agus cosaint an chomhshaoil, ***agus caomhnú éiceachóras, caighdeáin um leas ainmhithe, lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, measúnuithe tionchair i leith an chomhshaoil***, ***agus*** cearta an duine ***á n-urramú go hiomlán,*** cearta ***sóisialta agus saothair,*** an daonlathas, comhionannas inscne***, bainistiú uisce inbhuanaithe*** agus, i gcás inarb ábhartha, laghdú rioscaí tubaiste, agus tacófar le dul chun cinn i dtreo na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe, lena gcuirfear gníomhaíochtaí comhtháite chun cinn lenar féidir comhthairbhí a chruthú agus ilchuspóirí a chomhlíonadh ar bhealach comhleanúnach. Seachnófar sócmhainní tréigthe leo, agus beidh siad ***comhoiriúnach le*** prionsabal na neamhdhíobhála agus ag an bprionsabal 'gan dochar ***suntasach*** a dhéanamh', chomh maith leis an gcur chuige príomhshruthaithe inbhuanaitheachta atá mar bhonn taca leis an gComhaontú Glas don Eoraip.

5. Áiritheoidh na Tairbhithe agus an Coimisiún go gcuirfear comhionannas ▌ ***inscne***, príomhshruthú inscne agus comhtháthú ghné na hinscne san áireamh agus go gcuirfear chun cinn iad le linn ullmhú na gClár Oibre um Athchóiriú agus chur chun feidhme na Saoráide. Glacfaidh na Tairbhithe agus an Coimisiún céimeanna iomchuí chun aon idirdhealú atá bunaithe ar inscne, ar thionscnamh ciníoch nó eitneach, ar reiligiún nó ar chreideamh, ar mhíchumas, ar aois nó ar chlaonadh gnéasach a chosc. Tuairisceoidh an Coimisiún ar na bearta sin i gcomhthéacs an tuairiscithe rialta uaidh faoi na Pleananna Gníomhaíochta Inscne.

6. Ní thacóidh an tSaoráid le gníomhaíochtaí ná le bearta atá ar neamhréir le Pleananna Náisiúnta Fuinnimh agus Aeráide na dTairbhithe, lena Rannchuidiú arna Chinneadh go Náisiúnta faoi Chomhaontú Pháras, ná leis an uaillmhian aeráidneodracht a bhaint amach faoi 2050 ***ar a dhéanaí*** ná gníomhaíochtaí ná bearta lena gcuirtear infheistíochtaí i mbreoslaí iontaise chun cinn, nó lena gcruthaítear éifeachtaí díobhálacha suntasacha ar an gcomhshaol nó ar an aeráid ***nó an bhithéagsúlacht***.

***6a. I gcomhréir le prionsabal comhpháirtíochta an Aontais agus le Cód Iompair an Aontais i leith Comhpháirtíochtaí, áiritheoidh an Coimisiún go rachfar i gcomhairle go cuí agus go cothrom leis na geallsealbhóirí ábhartha, lena n-áirítear Parlaimintí náisiúnta na dTairbhithe, údaráis áitiúla agus réigiúnacha, comhpháirtithe sóisialta chomh maith le heagraíochtaí na sochaí sibhialta, agus go mbeidh rochtain thráthúil acu ar fhaisnéis ábhartha chun go mbeidh siad in ann páirt fhóinteach a ghlacadh i ndearadh agus i gcur chun feidhme na ngníomhaíochtaí atá incháilithe do chistiú faoin tSaoráid seo, agus sna próisis ghaolmhara faireacháin, ghrinnscrúdaithe agus mheastóireachta. Féachfaidh an rannpháirtíocht sin le hionadaíocht a dhéanamh ar iolrachas na sochaí sna Balcáin Thiar.***

7. ***Áiritheoidh*** an Coimisiún, i gcomhar leis na Ballstáit agus leis na Tairbhithe, cur chun feidhme gealltanas de chuid an Aontais maidir le trédhearcacht agus cuntasacht

mhéadaithe agus cúnamh á sholáthar, ***trí*** ▌ chur chun feidhme agus atreisiú na gcóras rialaithe inmheánaigh agus na mbeartas frithchalaoise ***láidir***, agus trí fhaisnéis a chur ar fáil ***go poiblí ar bhonn éigeantach*** maidir le méid agus leithdháileadh an chúnaimh***, ar leibhéal an fhaighteora deiridh,*** trí ***thairseach*** ghréasáin ***aonair, lena n-áirítear liosta na ndaoine agus na n-eintiteas dlíthiúil a fhaigheann méideanna carnacha os cionn EUR 50 000***, agus áiritheoidh sé go mbeidh sonraí ***cothrom le dáta,*** inchomparáide agus gur féidir rochtain a fháil orthu go héasca, gur féidir iad a chomhroinnt go héasca agus gur féidir iad a fhoilsiú go héasca.

***7a. Chun éifeachtúlacht na hionstraime airgeadais a áirithiú, féadfaidh na Ballstáit dul i mbun comhairliúcháin rialta agus chomhroinnte leis na Tairbhithe chun cúnamh a thairiscint agus cláir á gceapadh.***

Airteagal 5

Réamhchoinníollacha le haghaidh tacaíocht ón Aontas

1. Mar réamhchoinníoll i dtaca leis an tacaíocht faoin tSaoráid, ní mór do na Tairbhithe sásraí daonlathacha éifeachtacha a ***fheabhsú,*** a chaomhnú agus a urramú, lena n-áirítear córas parlaiminteach ilpháirtí ***dea-fheidhmiúil***, ***meáin shaora agus iolraíocha a chosaint agus an comhrac i gcoinne na bréagaisnéise agus ionramháil agus cur isteach eachtrach*** agus an smacht reachta, ***i bhfianaise na mbagairtí ar leasanna airgeadais an Aontais freisin, agus cosaint*** agus urraim do chearta uile an duine a ráthú, lena n-áirítear cearta na mionlach ***uile*** agus na bpobal ***uile***.

***Réamhchoinníoll eile a bheith ann ná bheith ailínithe le comhbheartas eachtrach agus slándála an Aontais,***

***lena n-áirítear bearta sriantacha a ghlacadh i gcoinne na Rúise, chomh maith le ceanglais víosaí an Aontais do thríú tíortha.***

Réamhchoinníoll eile a bheidh ann ná go nglacfaidh an tSeirbia agus an Chosaiv páirt chuiditheach ***le dul chun cinn atá intomhaiste go soiléir agus torthaí inláimhsithe*** i normalú a gcaidrimh ***chun*** a n-oibleagáidí uile faoi seach a eascraíonn as an gComhaontú maidir leis an gConair do Normalú agus as an Iarscríbhinn Cur Chun Feidhme a ghabhann leis chomh maith leis na Comhaontuithe Idirphlé uile a rinneadh roimhe seo a ***chur chun feidhme*** go hiomlán agus dul i mbun caibidlíochta maidir leis an gComhaontú Cuimsitheach maidir le normalú an chaidrimh.

2. Déanfaidh an Coimisiún faireachán ar chomhlíonadh na réamhchoinníollacha a leagtar amach i mír 1 sula scaoilfear cistí***, lena n-áirítear réamh-mhaoiniú,*** chuig Tairbhithe faoin tSaoráid agus le linn thréimhse na tacaíochta arna soláthar faoin tSaoráid, agus aird chuí á tabhairt ar an ***Tuarascáil maidir leis an Smacht Reachta agus*** ar an bPacáiste um Méadú***, chomh maith le rúin ábhartha ó Pharlaimint na hEorpa***. ***Tabharfaidh an Coimisiún aird freisin ar na moltaí ábhartha ó chomhlachtaí idirnáisiúnta, amhail ESCE/ODHIR agus Comhairle na hEorpa agus Coimisiún na Veinéise dá cuid sa phróiseas sin***. Féadfaidh an Coimisiún cinneadh a ghlacadh ***bunaithe ar chritéir shoiléire neamhchlaonta*** lena gcinnfear nach bhfuil cuid de na réamhchoinníollacha sin á gcomhlíonadh, agus ***sna cásanna sin***, ***déanfaidh sé*** scaoileadh na gcistí dá dtagraítear in Airteagal 21 a choinneáil siar, gan beann ar chomhlíonadh na gcoinníollacha íocaíochta dá dtagraítear in Airteagal 16(3). ***Coinneoidh an Coimisiún siar scaoileadh na gcistí i gcás easpa leanúnach dul chun***

***cinn, easnaimh thromchúiseacha agus cúlchéimniú ar an smacht reachta agus ar athchóirithe bunúsacha tar éis dul i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa agus leis an gComhairle. Forbróidh agus foilseoidh an Coimisiún treoirlínte soiléire maidir le cur i bhfeidhm na coinníollachta chun cistiú a scaoileadh. Déanfar measúnú an Choimisiúin a tharchur go comhuaineach chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle. Féadfar deis a thabhairt chuig na tairbhithe easnaimh a leigheas chun na réamhchoinníollacha a chomhlíonadh, lena gceadófar don Choimisiún na cistí a scaoileadh tar éis measúnú dearfach.***

# CAIBIDIL II

# Maoiniú agus cur chun feidhme

## Airteagal 6
## Buiséad

1. Ní rachaidh na hacmhainní a bheidh le cur ar fáil tríd an tSaoráid, de bhun mhíreanna 2 agus 3, thar EUR 6 000 000 000 le haghaidh na tréimhse ó 2024 go 2027.

2. Is é EUR 2 000 000 000 a bheidh san imchlúdach airgeadais chun an tSaoráid a chur chun feidhme le haghaidh na tréimhse ón 1 Eanáir 2024 go dtí an 31 Nollaig 2027:

   (a) 98.5 % i bhfoirm tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha do na Tairbhithe chun na Cláir Oibre Athchóiriúcháin a chur chun feidhme;

   (b) 1.5 % le haghaidh caiteachas de bhun mhír 6;

3. An tacaíocht i bhfoirm iasachtaí, beidh sí ar fáil le haghaidh méid suas le EUR 4 000 000 000 le haghaidh na tréimhse ón 1 Eanáir 2024 go dtí an 31 Nollaig 2027. Ní bheidh an méid sin ina chuid de mhéid na Ráthaíochta do Ghníomhaíochtaí Seachtracha de réir bhrí Airteagal 31(4) de Rialachán Uimh. 2021/947.

   ***Déanfar ainmníocht bhuiséadach na Saoráide a struchtúrú de réir a cuspóirí sonracha, d'fhonn trédhearcacht agus cuntasacht iomlán don údarás buiséadach a áirithiú.***

   ***Déanfaidh an t-údarás buiséadach na méideanna a shlógadh ar bhonn bliantúil. Beidh ainmníocht na Saoráide Athchóirithe agus Fáis do na Balcáin Thiar comhdhéanta de mhíreanna buiséadacha breise, a chomhfhreagróidh do gach ceann de na Tairbhithe faoin Rialachán seo.***

4. Leagfaidh an Coimisiún amach méid táscach tosaigh an mhaoinithe a bheidh ar fáil le haghaidh gach Tairbhí, i gcomhréir leis an modheolaíocht a leagtar amach in Iarscríbhinn I, sa ***ghníomh tarmligthe*** comhfhreagrach dá dtagraítear in Airteagal 15, arna ríomh bunaithe ar na sonraí is déanaí atá ar fáil ar lá theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo i gcomhréir le hAirteagal 29. Féadfar méideanna táscacha a athrú le linn an chur chun feidhme i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar amach in Airteagal 21.

5. De bhun Airteagal 19, 50 % ar a laghad den mhéid foriomlán i mír 1 a bheidh i méid na gcistí a chuirfear ar fáil faoi Chreat Infheistíochta na mBalcán Thiar (WBIF) dá

dtagraítear in Airteagal 12 de Rialachán (AE) 2021/1529[1]. Áireofar sa ranníocaíocht sin méid iomlán na tacaíochta airgeadais neamh-inaisíoctha dá dtagraítear i mír 2 pointe (a) den Airteagal seo tar éis méid an tsoláthair a asbhaint.

6. Féadfar na hacmhainní dá dtagraítear i mír 2 pointe (b) a úsáid le haghaidh cúnamh teicniúil agus cúnamh riaracháin chun an tSaoráid a chur chun feidhme, amhail ***acmhainneachtaí áitiúla a fhothú, saineolaithe a thabhairt ar iasacht chuig institiúidí náisiúnta freagracha na dtairbhithe, measúnuithe tionchair***, gníomhaíochtaí ullmhúcháin, faireacháin, rialaithe, iniúchóireachta agus meastóireachta, a bhfuil gá leo chun an tSaoráid a bhainistiú agus a cuspóirí a bhaint amach, go háirithe staidéir, cruinnithe saineolaithe, cúrsaí oiliúna, comhairliúcháin le húdaráis na dTairbhithe, comhdhálacha, comhairliúchán le geallsealbhóirí, ***lena n-áirítear údaráis áitiúla agus réigiúnacha agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta,*** gníomhaíochtaí faisnéise agus cumarsáide, lena n-áirítear gníomhaíochtaí for-rochtana cuimsitheacha, agus cumarsáid chorparáideach maidir le tosaíochtaí polaitiúla an Aontais, a mhéid a bhaineann siad ***go docht*** le cuspóirí an Rialacháin seo, speansais a bhaineann le líonraí TF a dhíríonn ar phróiseáil agus ar mhalartú faisnéise, uirlisí teicneolaíochta faisnéise corparáideacha, agus gach caiteachas eile sa cheanncheathrú agus i dtoscaireachtaí an Aontais le haghaidh na tacaíochta riaracháin agus comhordúcháin is gá le haghaidh na Saoráide. Faoi dheireadh, féadfaidh na speansais gach costas a bhaineann le gníomhaíochtaí ***trédhearcachta*** tacaíochta eile a chumhdach freisin, amhail costais a bhaineann le rialú cáilíochta agus faireachán ar thionscadail nó cláir ar an láthair agus costais a bhaineann le piarchomhairleoireacht agus le saineolaithe chun athchóirithe agus infheistíochtaí a mheasúnú agus a chur chun feidhme. ***I gcás ina n-úsáidtear acmhainní chun críocha iniúchóireachta, nochtfar agus cuirfear cosc ar choinbhleachtaí leasa idir an t-eintiteas a dhéanann an t-iniúchadh agus gníomhaíochtaí eile an eintitis sin faoi chuimsiú na Saoráide, amhail tacaíocht comhairliúcháin nó riaracháin agus comhordúcháin, rialú cáilíochta agus faireachán a dhéanamh ar thionscadail.***

Airteagal 7

Cur chun feidhme agus foirmeacha cistiúcháin ón Aontas

1. Cuirfear an tSaoráid chun feidhme i gcomhréir le Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046, faoi bhainistíocht dhíreach nó faoi bhainistíocht indíreach le haon cheann de na heintitis dá dtagraítear in Airteagal 62(1), an chéad fhomhír, pointe (c) de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046.

2. Féadfar cistiú ón Aontas a sholáthar in aon cheann de na foirmeacha a leagtar síos i Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046, go háirithe cúnamh airgeadais, deontais, soláthar agus oibríochtaí measctha.

3. Ag brath ar an acmhainneacht oibríochtúil agus airgeadais is gá, féadfaidh sé gurb é ***grúpa an Banc Eorpach Infheistíochta*** ▌, institiúidí airgeadais ***Eorpacha*** iltaobhacha, amhail an Banc Eorpach Athfhoirgníochta agus Forbartha, nó institiúidí airgeadais Eorpacha déthaobhacha, amhail bainc forbartha ***nó Grúpa an Bhain Dhomhanda***, an t-eintiteas iontaoibhe a chuirfidh oibríochtaí measctha chun feidhme. ▌

---

[1] Rialachán (AE) 2021/1529 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Meán Fómhair 2021 lena mbunaítear an Ionstraim um Chúnamh Réamhaontachais (IPA III), IO L 330, 20.09.2021.

***I gcás inarb indéanta, féadfaidh institiúidí airgeadais iltaobhacha neamh-Eorpacha páirt a ghlacadh sa tSaoráid trí oibríochtaí comhpháirteacha le hinstitiúidí airgeadais Eorpacha.***

***Féadfaidh na Ballstáit, tríú tíortha, eagraíochtaí idirnáisiúnta, institiúidí airgeadais idirnáisiúnta nó foinsí eile ranníocaíochtaí airgeadais breise a sholáthar, lena n-áirítear chun oibríochtaí measctha faoin tSaoráid a chur chun feidhme. Ioncam sannta seachtrach a bheidh sna ranníocaíochtaí sin de réir bhrí phointí (a)(ii), (d) agus (e) d'Airteagal 21(2) de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046.***

Airteagal 8

Rialacha maidir le hincháilitheacht daoine agus eintiteas, maidir le tionscnamh an tsoláthair agus na n-ábhar, agus srian faoin tSaoráid

1. Beidh an deis a bheith rannpháirteach i nósanna imeachta maidir le soláthar agus dámhachtain deontas le haghaidh gníomhaíochtaí a mhaoinítear faoin tSaoráid seo ag eagraíochtaí idirnáisiúnta agus réigiúnacha agus ag na daoine nádúrtha ar fad ar náisiúnaigh iad sna háiteanna seo a leanas agus ag daoine dlítheanacha atá bunaithe go héifeachtach sna háiteanna seo a leanas:

   (a) na Ballstáit, na Tairbhithe, páirtithe conarthacha sa Chomhaontú maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch agus tíortha a chumhdaítear le hIarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/947 agus Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/1529;

   (b) tíortha ***a sholáthraíonn leibhéal tacaíochta do thairbhithe atá inchomparáide leis an leibhéal a sholáthraíonn an tAontas, agus méid a ngeilleagair á cur san áireamh agus*** a mbunóidh an Coimisiún rochtain chómhalartach ar chúnamh seachtrach i gcríocha na dTairbhithe ina leith ***i gcomhréir le huathriail straitéiseach an Aontais***.

2. Féadfar an rochtain chómhalartach dá dtagraítear i mír 1, pointe (b), a dheonú le haghaidh tréimhse theoranta 1 bliana ar a laghad, i gcás ina ndéanfaidh tír incháilitheacht a dheonú ar choinníollacha comhionanna le heintitis ón Aontas agus ó thíortha atá incháilithe faoin tSaoráid.

   Déanfaidh an Coimisiún cinneadh maidir leis an rochtain chómhalartach tar éis dó dul i gcomhairle leis an Tairbhí lena mbaineann.

3. Beidh na soláthairtí agus na hábhair go léir arna maoiniú agus arna soláthar faoin tSaoráid seo de thionscnamh aon tíre dá dtagraítear i mír 1 pointe (a) agus pointe (b), mura rud é nach féidir na soláthairtí agus na hábhair a fháil ar choinníollacha réasúnacha in aon cheann de na tíortha sin. ***Sa chás sin, beidh an soláthar i gcomhréir le rialacháin infheidhme an Aontais maidir le dícheall cuí i slabhraí luacha.*** Ina theannta sin, tá feidhm ag na rialacha maidir le srianta i mír 6.

4. Ní bheidh feidhm ag na rialacha incháilitheachta faoin Airteagal seo maidir le daoine nádúrtha atá fostaithe nó atá ar conradh go dleathach ar bhealach eile ag conraitheoir incháilithe nó, i gcás inarb infheidhme, ag fochonraitheoir incháilithe, ná ní chruthófar leo srianta náisiúntachta do na daoine sin, ach amháin i gcás ina bhfuil na srianta náisiúntachta bunaithe ar na rialacha dá bhforáiltear i mír 6.

5. I gcás gníomhaíochtaí a chómhaoineoidh eintiteas go comhpháirteach nó a chuirfear

chun feidhme faoi bhainistíocht dhíreach nó faoi bhainistíocht indíreach le heintitis dá dtagraítear in Airteagal 62(1), pointe (c) de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046, beidh feidhm ag rialacha na n-eintiteas sin freisin. Tá an méid sin gan dochar do na srianta a bhunaítear faoi mhír 6, a léireofar go cuí sna comhaontuithe a thabharfar i gcrích leis na heintitis sin.

6. Na rialacha incháilitheachta agus tionscnamh na soláthairtí agus na n-ábhar dá dtagraítear i mír 1 agus i mír 3 agus náisiúntacht na ndaoine nádúrtha dá dtagraítear i mír 4, féadfar iad a shrianadh i dtaca le náisiúntacht, suíomh geografach nó cineál na n-eintiteas dlítheanach atá rannpháirteach i nósanna imeachta dámhachtana agus i dtaca le tionscnamh geografach na soláthairtí agus na n-ábhar, sna cásanna seo a leanas:

(a) i gcás ina gceanglaítear srianta den sórt sin mar gheall ar chineál sonrach agus/nó cuspóirí sonracha na gníomhaíochta nó an nós imeachta sonrach dámhachtana agus/nó i gcás ina bhfuil gá leis na srianta sin chun an ghníomhaíocht a chur chun feidhme go héifeachtach;

(b) i gcás ina ndéanfaidh an ghníomhaíocht nó na nósanna imeachta dámhachtana sonracha difear don tslándáil nó don ord poiblí, go háirithe maidir le sócmhainní agus leasanna straitéiseacha an Aontais, a Bhallstát, nó aon cheann de na Tairbhithe, lena n-áirítear slándáil, athléimneacht agus cosaint shláine an bhonneagair dhigitigh (lena n-áirítear bonneagar líonra 5G), na gcóras cumarsáide agus faisnéise, agus na slabhraí soláthair gaolmhara, ***agus i gcás nach bhfuil an ghníomhaíocht nó an nós imeachta dámhachtana i gcomhréir leis an Straitéis um an tSlándáil Eacnamaíoch, tar éis formheas a fháil roimh ré ón mBord Iniúchóireachta***.

7. Ní fhéadfar glacadh le hiarratasóirí ar thairiscintí agus le hiarrthóirí ó thíortha neamh-incháilithe a bheith incháilithe ***ach i gcásanna*** práinne ***a bhfuil bunús cuí leo*** nó i gcás nach mbeidh seirbhísí ar fáil i margaí na dtíortha nó na gcríoch lena mbaineann, nó i gcásanna cuí-réasúnaithe eile ina mbeadh fíorú gníomhaíochta dodhéanta nó thar a bheith deacair mar gheall ar chur i bhfeidhm na rialacha incháilitheachta***, agus trédhearcacht iomlán ann ina leith agus tacaíocht dhlisteanach leis sin***.

***7a. Maidir le feidhmiú na rialuithe soláthair phoiblí agus státchabhrach, áiritheoidh an Coimisiún, trí iniúchadh agus rialuithe bliantúla, go leanfaidh an córas de bheith ag feidhmiú. Chuige sin, déanfaidh an Coimisiún tuarascáil bhliantúil ar fheidhmiú na rialuithe sin sa Tairbhí a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle.***

***7b. Más measúnú dearfach é measúnú an Choimisiúin ar sholáthar poiblí agus ar rialuithe státchabhrach, léireofar an measúnú i gcur chun feidhme cistí ón Ionstraim um Chúnamh Réamhaontachais.***

Airteagal 9
***Creat-Chomhaontú***

1. Tabharfaidh an Coimisiún ***Creat-Chomhaontú*** i gcrích le gach Tairbhí maidir le cur chun feidhme na Saoráide ina leagfar amach ***socruithe sonracha*** maidir le ***bainistiú, rialú, maoirseacht, faireachán, meastóireacht, tuairisciú agus iniúchadh a dhéanamh ar chistí faoin*** tSaoráid***, chomh maith le neamhrialtachtaí, calaois, éilliú***

***agus coinbhleachtaí leasa a chosc, a bhrath, a imscrúdú agus a cheartú*. *Sula ndéanfar an Creat-Chomhaontú, beidh gá le comhairliúchán poiblí agus measúnú dearfach ar an bparlaimint náisiúnta faoi seach***.

***1a. Cuirfear coistí faireacháin ar bun, arna spreagadh ag an gCód Iompair Eorpach maidir le Comhpháirtíocht de réir an dea-chleachtais maidir le glaonna ar thograí, tuarascálacha ar dhul chun cinn, agus faireachán agus meastóireacht ar thionscadail, bearta agus gníomhaíochtaí a ullmhú.***

2. Déanfar an ***Creat-Chomhaontú*** a chomhlánú le comhaontuithe iasachta i gcomhréir le hAirteagal 17, ina leagfar amach forálacha sonracha maidir le bainistiú agus cur chun feidhme an chistithe a sholáthraítear i bhfoirmeacha iasachtaí. ***Déanfar na Creat-chomhaontuithe sin, lena n-áirítear aon doiciméid ábhartha, a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle go comhuaineach agus gan mhoill agus cuirfear ar fáil don phobal iad.***

3. Ní dheonófar cistiú***, lena n-áirítear réamh-mhaoiniú,*** do na Tairbhithe ach amháin tar éis ***don Choimisiún measúnú dearfach a dhéanamh ar chomhlíonadh na réamhchoinníollacha in Airteagal 5, agus tar éis do*** na ***Creat-Chomhaontuithe*** agus na comhaontuithe iasachta is infheidhme faoi seach teacht i bhfeidhm.

4. Leis an ***gCreat-chomhaontú*** agus leis na comhaontuithe iasachta arna dtabhairt i gcrích le gach Tairbhí, agus le comhaontuithe arna dtabhairt i gcrích le duine nó le heintitis a fhaigheann cistí ón Aontas, áiritheofar go gcomhlíonfar na hoibleagáidí a leagtar amach in Airteagal 129 de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046.

5. Leagfar síos sa ***Chreat-Chomhaontú*** na forálacha mionsonraithe is gá maidir leis na nithe seo a leanas:

(a) tiomantas an Tairbhí dul chun cinn ***cinntitheach a dhéanamh*** i dtreo ***creat láidir dlíthiúil chun an chalaois a chomhrac, agus*** córais rialaithe níos éifeachtúla agus níos éifeachtacha ***a bhunú***, ***lena n-áirítear sásraí iomchuí agus bearta chun neamhrialtachtaí, calaois, éilliú agus coinbhleachtaí leasa a chosc, a bhrath agus a cheartú ar bhealach éifeachtach agus chun aon chleachtas éillitheach, finíochas, fabhraíocht nó comhdhlúthú réigiúnach nó earnálach míchuí de leithdháileadh nó úsáid acmhainní a sheachaint, a thuairisciú agus a fhrithháireamh*** chomh maith leis an gcomhrac a neartú i gcoinne an sciúrtha airgid, ***na coireachta eagraithe, míleithreasú cistí poiblí***, mhaoiniú na sceimhlitheoireachta, agus seachaint, calaois nó imghabháil cánach***, agus gníomhaíochtaí neamhdhleathacha eile a mbeadh tionchar acu ar chistí arna soláthar faoin tSaoráid***;

(b) na rialacha maidir le scaoileadh, coinneáil siar, laghdú agus athdháileadh cistí i gcomhréir le hAirteagal 21.

(c) na gníomhaíochtaí a bhaineann le bainistiú, rialú, maoirseacht, faireachán, meastóireacht, tuairisciú agus iniúchadh a dhéanamh faoin tSaoráid, chomh maith le hathbhreithnithe córas, imscrúduithe, bearta frithchalaoise agus comhar;

(d) na rialacha maidir le tuairisciú don Choimisiún i dtaobh an gcomhlíontar na coinníollacha íocaíochta dá dtagraítear in Airteagal 12 agus an chaoi a gcomhlíontar iad***, lena n-áirítear trí scrúdú a cheadú ar chomhlíonadh na ngarspriocanna agus na spriocanna a bhaineann le hathchóirithe agus infheistíochtaí***;

(e) na rialacha maidir le cánacha, dleachtanna agus muirir i gcomhréir le hAirteagal 27(9) agus (10) de Rialachán (AE) 2021/947;

*(ea)* ***aitheantas a thabhairt d'fhreagrachtaí an Bhoird Iniúchóireachta dá dtagraítear in Airteagal XX, agus do mhódúlachtaí chomhar na dTairbhithe leis;***

(f) na bearta chun neamhrialtachtaí, calaois, éilliú agus coinbhleachtaí leasa a chosc, a bhrath, a imscrúdú agus a cheartú, agus an oibleagáid fógra a thabhairt gan mhoill ***don Bhord Iniúchóireachta***, don Choimisiún, ***don Chúirt Iniúchóirí agus*** do OLAF ***agus, i gcás inarb infheidhme, do OIPE,*** faoi chásanna neamhrialtachtaí, calaoise, éillithe agus coinbhleachta leasa amhrasta nó iarbhír agus ***gníomhaíochtaí neamhdhleathacha eile a dhéanann difear do na cistí arna soláthar faoin tSaoráid*** agus faoi na bearta leantacha ina leith***, lena n-áirítear nuair a bhaineann siad leis an eintiteas a chuireann an ciste chun feidhme faoin gcomhaontú iasachta***;

(g) na hoibleagáidí dá dtagraítear in Airteagail 22 agus 23, lena n-áirítear rialacha beachta agus creat ama maidir le bailiú sonraí ag an Tairbhí agus rochtain don Choimisiún***,*** do OLAF***, do Chúirt Iniúchóirí na hEorpa agus, i gcás inarb infheidhme, do OIPE, lena n-áirítear faisnéis atá i seilbh an eintitis a chuireann an ciste chun feidhme faoin gcomhaontú iasachta***;

*(ga)* ***leibhéal rochtana ar fhaisnéis agus údarás chun rialuithe ar an láthair a dhéanamh a thabhairt don iniúchóir seachtrach neamhspleách arna cheapadh ag an mBord Iniúchóireachta atá cosúil leis an leibhéal atá ag an gCoimisiún agus ag an gCúirt Iniúchóirí; bainfidh na Balcáin Thiar úsáid as an gCóras Luathbhraite agus Eisiaimh agus tuairisceoidh siad neamhrialtachtaí maidir le húsáid na gcistí don Choimisiún freisin;***

(h) nós imeachta chun a áirithiú go dtiocfaidh iarrataí ar íocaíocht amach le haghaidh na tacaíochta iasachta faoi mhéid na hiasachta atá ar fáil, agus Airteagal 6(3) á chur san áireamh;

(i) ceart an Choimisiúin an tacaíocht a sholáthraítear faoin tSaoráid a laghdú go comhréireach agus aon suim a caitheadh chun cuspóirí na Saoráide a ghnóthú nó aisíocaíocht luath na hiasachta a iarraidh, i gcásanna neamhrialtachtaí, calaoise, éillithe agus coinbhleachtaí leasa a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais nach bhfuil ceartaithe ag an Tairbhí, nó i gcás sárú tromchúiseach ar oibleagáid a eascróidh as an ***gCreat-Chomhaontú***;

(j) rialacha agus módúlachtaí do na Tairbhithe chun tuairisciú ar mhaithe le faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme na Saoráide agus measúnú a dhéanamh ar ghnóthú na gcuspóirí a leagtar amach in Airteagal 3.

Airteagal 10

Tabhairt anonn, tráthchodanna bliantúla, leithreasuithe faoi chomhair gealltanas

1. De mhaolú ar Airteagal 12(4) de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046, déanfar leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí nár úsáideadh faoin tSaoráid a thabhairt anonn go huathoibríoch agus féadfar iad a ghealladh agus a úsáid, faoi seach, go dtí 31 Nollaig na bliana airgeadais ina dhiaidh sin. Is é an tsuim a tugadh anonn is túisce a úsáidfear sa bhliain airgeadais ina dhiaidh sin.

2. ***Cuirfidh*** an Coimisiún ***faisnéis faoi bhráid*** Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle ***maidir le*** leithreasuithe faoi chomhair gealltanas a tugadh anonn***, lena n-áirítear na méideanna lena mbaineann,*** i gcomhréir le hAirteagal 12(6) de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046.

3. De mhaolú ar Airteagal 15 de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 i dtaca le leithreasuithe a chur ar fáil arís, cuirfear leithreasuithe faoi chomhair gealltanas, a chomhfhreagraíonn do mhéid na gealltanais shaortha a rinneadh de bharr neamh-chur chun feidhme iomláin nó pháirtigh gníomhaíochta faoin tSaoráid, ar fáil arís chun leas na líne buiséid tionscnaimh.

4. Féadfar gealltanais bhuiséadacha maidir le gníomhaíochtaí ar faide iad ná 1 bhliain airgeadais a roinnt ina dtráthchodanna bliantúla thar roinnt blianta i gcomhréir le hAirteagal 112(2) de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046.

# CAIBIDIL III

## Cláir Oibre um Athchóiriú

### Airteagal 11
### Cláir Oibre um Athchóiriú a chur isteach

1. Chun aon tacaíocht a fháil faoin tSaoráid, cuirfidh gach Tairbhí Clár Oibre um Athchóiriú faoi bhráid an Choimisiúin ar feadh shaolré na Saoráide, ag tógáil ar an gcuid athchóirithe struchtúracha den Chlár Athchóirithe Eacnamaíoch is déanaí agus ar an Treoir ghaolmhar Beartais Chomhpháirtigh a comhaontaíodh ag an Idirphlé Eacnamaíoch agus Airgeadais i mí na Bealtaine 2023, ar a straitéis náisiúnta fáis i gcás inarb infheidhme, ar an modheolaíocht athbhreithnithe um méadaithe, ar an bPacáiste um Méadú is déanaí agus ar an bPlean Eacnamaíoch agus Infheistíochta le haghaidh na mBalcán Thiar.

2. Soláthrófar leis na Cláir Oibre um Athchóiriú ***creat uileghabhálach chun na cuspóirí ginearálta agus sonracha a leagtar amach in Airteagal 3 a bhaint amach, ina leagfar amach*** na hathchóirithe a bheidh le déanamh ag an Tairbhí, chomh maith le réimsí infheistíochta, chun na cuspóirí ginearálta agus sonracha a leagtar amach in Airteagal 3 a bhaint amach. Is éard a bheidh sna Cláir Oibre um Athchóiriú ná bearta chun athchóirithe ***agus infheistíochtaí*** a chur chun feidhme trí phacáiste cuimsitheach agus comhleanúnach. I réimsí ***na ‘***mbunphrionsabal***’***, lena n-áirítear an smacht reachta, an comhrac in aghaidh an éillithe, ***lena n-áirítear an mhóréillitheacht,*** cearta bunúsacha agus an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh, léireofar sna Cláir Oibre um Athchóiriú na measúnuithe sa Phacáiste um Méadú is déanaí ***agus sa tuarascáil is déanaí maidir leis an Smacht Reachta, chomh maith le measúnuithe na n-institiúidí idirnáisiúnta ábhartha, lena n-áirítear ESCE/ODIHR agus Coimisiún na Veinéise agus na tuarascálacha agus na rúin ábhartha ó Pharlaimint na hEorpa***. ***Áireofar sna Cláir Oibre um Athchóiriú meastachán ar na méideanna airgeadais is gá chun na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí faoin tSaoráid a chur chun feidhme i gcomhréir leis na cuspóirí ginearálta agus sonracha a leagtar amach in Airteagal 3***.

3. ***Saineofar sa Chlár*** Oibre um Athchóiriú ***spriocanna sonracha agus garspriocanna laistigh de na Cláir Oibre um Athchóiriú le haghaidh gach réimse tosaíochta,***

***amhail éifeachtúlacht fuinnimh, glacadh fuinnimh in-athnuaite, forbairt bonneagair dhigitigh, athchóirithe breithiúnacha, agus bearta frithéillithe. Beidh na spriocanna sin sonrach, intomhaiste, indéanta, ábhartha, agus faoi cheangal ama, lena n-éascófaí faireachán agus measúnú éifeachtach ar dhul chun cinn agus beidh siad*** comhsheasmhach leis an gcreat beartais mhaicreacnamaíoch agus fhioscaigh is déanaí arna chur faoi bhráid an Choimisiúin i gcomhthéacs an Idirphlé Eacnamaíoch agus Airgeadais leis an Aontas.

4. Beidh na Cláir Oibre um Athchóiriú comhsheasmhach leis na tosaíochtaí athchóiriúcháin arna sainaithint i gcomhthéacs chonair aontachais an Tairbhí agus tacóidh siad leo, agus le doiciméid ábhartha eile, amhail an Comhaontú Cobhsaíochta agus Comhlachais, an Plean Náisiúnta Fuinnimh agus Aeráide, an Rannchuidiú arna Chinneadh go Náisiúnta faoi Chomhaontú Pháras agus an uaillmhian aeráidneodracht a bhaint amach faoi 2050 ***ar a dhéanaí***.

5. Leis na Cláir Oibre um Athchóiriú, urramófar na prionsabail ghinearálta a leagtar amach in Airteagal 4.

6. Iarrfaidh an Coimisiún ar na Tairbhithe a gCláir Oibre um Athchóiriú faoi seach a chur isteach laistigh de 3 mhí tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo. ***Feidhmeoidh na cláir náisiúnta um athchóiriú eacnamaíoch agus tuarascálacha bliantúla an Choimisiúin ar dhul chun cinn mar thúsphointe. Tarchuirfidh an Coimisiún na Cláir Oibre um Athchóiriú de chuid na dTairbhithe chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle a luaithe a bheidh siad ar fáil.***

7. I gcás athdháileadh tacaíochta faoin tSaoráid a fhágann go bhfaigheann Tairbhí tacaíocht bhreise, iarrfaidh an Coimisiún ar an Tairbhí Clár Oibre um Athchóiriú athbhreithnithe le haghaidh na tréimhse atá fágtha den tSaoráid a chur isteach laistigh de 3 mhí. ***Cuirfidh an Coimisiún Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle ar an eolas sula ndéanfaidh sé aon chinneadh maidir le hathdháileadh tacaíochta airgeadais agus sula n-iarrfaidh sé ar na Tairbhithe Clár Oibre athbhreithnithe um Athchóiriú a chur isteach.***

Airteagal 12
Prionsabail maidir le maoiniú faoi na Cláir Oibre um Athchóiriú

1. Dreasóidh an tSaoráid cur chun feidhme Chlár Oibre um Athchóiriú gach Tairbhí trí choinníollacha íocaíochta a chur ar scaoileadh cistí. Beidh feidhm ag na coinníollacha íocaíochta sin maidir le cistí faoi Airteagal 6(2), pointe (a) agus Airteagal 6(3), beidh siad i bhfoirm céimeanna ***intomhaiste*** cáilíochtúla nó cainníochtúla***, agus beidh siad nasctha le garspriocanna agus spriocanna nithiúla a bhaint amach***. Léireofar sna céimeanna sin an dul chun cinn atá déanta maidir le hathchóirithe socheacnamaíocha sonracha, lena n-áirítear bunphrionsabail phróiseas an mhéadaithe***, luachanna an Aontais,*** an smachta reachta, ***ceartas agus cearta bunúsacha,*** atá nasctha le cuspóirí éagsúla na Saoráide a bhaint amach, a leagtar amach in Airteagal 3, i gcomhréir leis an bPacáiste um Méadú is déanaí ***agus an tuarascáil is déanaí maidir leis an Smacht Reachta***.

Spreagfaidh comhlíonadh na gcoinníollacha íocaíochta scaoileadh iomlán nó páirteach cistí, ag brath ar a mhéid a chuirfear i gcrích iad ***agus comhlíonadh na réamhchoinníollacha dá dtagraítear in Airteagal 5(1)***.

2. Maidir le maoiniú a chuirtear chun feidhme tríd an gciste dá dtagraítear in Airteagal 19, beidh comhlíonadh na gcoinníollacha íocaíochta dá dtagraítear i mír 1 ina réamhbhailíochtú. Íocfar na cistí tar éis iarraidh ar íocaíocht a fháil ó bhainisteoirí cistí an chomhchiste arna bhunú faoi WBIF chun ranníocaíochtaí deontóirí a fháil.

***Ní thacóidh cistí faoin tSaoráid le gníomhaíochtaí ná le bearta a d'fhéadfadh sláine nó creat institiúideach Tairbhí a chur i mbaol, i gcomhréir lena hord bunreachtúil agus lena gealltanais ábhartha idirnáisiúnta.***

3. Is coinníollacha ginearálta iad cobhsaíocht mhacra-airgeadais, bainistíocht fhónta airgeadais phoiblí, trédhearcacht agus formhaoirseacht ar an mbuiséad le haghaidh íocaíochtaí nach mór iad a chomhlíonadh chun aon chiste a scaoileadh.

Airteagal 13
Ábhar na gClár Oibre um Athchóiriú

1. Leagfar amach sna Cláir Oibre um Athchóiriú go háirithe na gnéithe seo a leanas, a mbeidh réasúnú agus bunús ag dul leo:

(a) bearta arb éard iad freagairt atá comhleanúnach, cuimsitheach agus cothromaithe go leormhaith***, bunaithe ar riachtanais,*** ar na cuspóirí a leagtar amach in Airteagal 3, ***i bhfoirm garspriocanna agus spriocanna intomhaiste,*** lena n-áirítear athchóirithe struchtúracha, infheistíochtaí agus bearta chun comhlíonadh réamhchoinníollacha a áirithiú más iomchuí;

***(aa) bearta a bhaineann leis an gceartas, leis an gcomhrac i gcoinne an éillithe, na calaoise agus na coireachta eagraithe, a chumhdaítear faoi chaibidlí caibidlíochta 23 agus 24, bainistíocht airgeadais phoiblí agus rialú inmheánach, a chumhdaítear faoi chaibidil caibidlíochta 32, chomh maith le rialú státchabhrach, a chumhdaítear faoi chaibidil caibidlíochta 8***;

(b) míniú ar an gcaoi a bhfuil na bearta comhsheasmhach leis na prionsabail ***ghinearálta dá dtagraítear in Airteagal 4, chomh maith leis na ceanglais***, na straitéisí, na pleananna agus na cláir dá dtagraítear in Airteagal ***4 agus Airteagal*** 11;

(c) míniú ar a mhéid a mheastar go rannchuideoidh na bearta leis na nithe seo a leanas ▌***:***

***(i) institiúidí daonlathacha, dea-rialachas, riarachán poiblí agus fothú acmhainneachta, saoirse na meán agus an tsochaí shibhialta a atreisiú;***

***(ii) ceartas idirnáisiúnta, dea-chaidreamh comharsanachta agus athmhuintearas;***

***(iii) dílárú agus forbairt áitiúil;***

***(iv) cuspóirí aeráide, bithéagsúlachta agus comhshaoil, go háirithe trí chóineasú le caighdeáin aeráide agus chomhshaoil an Aontais agus comhoiriúnacht leis an bprionsabal 'gan dochar suntasach a dhéanamh';***

***(v) comhtháthú sóisialta, lena n-áirítear dul chun cinn i dtreo chaighdeáin shóisialta agus eacnamaíocha an Aontais, laghdú ar neamhionannas, comhionannas agus cuimsiú grúpaí leochaileacha;***

***(vi) an claochlú digiteach, nuálaíocht, oideachas, oiliúint agus***

***fostaíocht;***

***(vii)*** ***comhionannas inscne agus cumhachtú na mban agus na gcailíní, lena n-áirítear cearta na mban agus na gcailíní a chosaint agus a chur chun cinn i gcomhréir le Pleananna Gníomhaíochta Inscne an Aontais agus i gcomhréir le conclúidí ábhartha ón gComhairle agus le coinbhinsiúin idirnáisiúnta;***

***(viii)*** ***neamh-idirdhealú, caoinfhulaingt agus urraim do chearta na ndaoine uile ar de mhionlaigh iad, lena n-áirítear mionlaigh eitneacha agus reiligiúnacha agus an pobal LADTIA;***

***(ix)*** ***cosaint sceithirí a áirithiú;***

(d) i gcás na n-athchóirithe agus na n-infheistíochtaí, ***costáil ex-ante*** táscach ***atá ceangailteach ó thaobh dlí agus*** tráthchlár ***intomhaiste***, agus na coinníollacha íocaíochta atá beartaithe maidir le scaoileadh cistí i bhfoirm céimeanna cáilíochtúla agus cainníochtúla ***i bhfoirm spriocanna agus garspriocanna nithiúla*** a bheidh le cur chun feidhme faoin 31 Lúnasa 2027 ar a dhéanaí;

(e) na socruithe chun go ndéanfaidh an Tairbhí faireachán, tuairisciú agus meastóireacht éifeachtach ar an gClár Oibre um Athchóiriú***, agus modheolaíochtaí ó na Treoirlínte maidir le Rialáil Níos Fearr á gcur i bhfeidhm,*** lena n-áirítear na ***céimeanna intomhaiste cáilíochtúla agus cainníochtúla atá beartaithe agus*** na táscairí ábhartha a leagtar amach i mír 2;

(f) míniú ar chóras an Tairbhí ***agus ar na bearta atá beartaithe*** chun neamhrialtachtaí, calaois, éilliú***, móréillitheacht,*** coinbhleachtaí leasa***, coireacht eagraithe agus sciúradh airgid*** a chosc, a bhrath agus a cheartú go héifeachtach agus chun rialacha maidir le rialú Státchabhrach a fhorfheidhmiú***, agus na bearta atá beartaithe chun aghaidh a thabhairt ar na heasnaimh atá ann cheana le linn na mblianta tosaigh de chur chun feidhme an Chláir Oibre um Athchóiriú***;

***(fa)*** ***chun Cláir Oibre um Athchóiriú a ullmhú agus, i gcás ina mbeidh fáil orthu, chun iad a chur chun feidhme, achoimre ar an bpróiseas comhairliúcháin, arna dhéanamh i gcomhréir leis an gcreat dlíthiúil náisiúnta, ar gheallsealbhóirí ábhartha, lena n-áirítear parlaimintí náisiúnta, comhlachtaí agus údaráis ionadaíocha áitiúla agus réigiúnacha, comhpháirtithe sóisialta agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta, agus an chaoi a léirítear ionchur na ngeallsealbhóirí sin sna Cláir Oibre um Athchóiriú;***

***(fb)*** ***na socruithe arb é is aidhm dóibh cistiú dúbailte ón tSaoráid agus ó chláir nó deontóirí eile de chuid an Aontais a sheachaint, go háirithe tacaíocht dá bhforáiltear faoi Rialachán (AE) 2021/1529;***

***(fc)*** ***faisnéis faoi na ranníocaíochtaí iarbhír agus na ranníocaíochtaí beartaithe ó dheontóirí eile;***

***(fd)*** ***míniú ar an gcaoi a n-áiritheoidh na Tairbhithe leibhéal leormhaith cosanta do leasanna airgeadais an Aontais trí chaighdeáin inchomparáide dá bhforáiltear i Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 agus i ndlí gaolmhar eile de chuid an Aontais a chur i bhfeidhm;***

***(fe) forálacha lena n-éascaítear trédhearcacht agus cuntasacht trí bhíthin rochtain phoiblí éasca ar fhaisnéis a bhaineann le dáileadh chistí na Saoráide;***

(g) aon fhaisnéis ábhartha eile.

▌

***2a. Beidh na Cláir Oibre um Athchóiriú bunaithe ar thorthaí agus áireofar iontu táscairí chun measúnú a dhéanamh ar an dul chun cinn arna dhéanamh maidir leis na cuspóirí ginearálta agus sonracha a leagtar amach in Airteagal 3. Beidh na táscairí sin bunaithe ar tháscairí arna gcomhaontú go hidirnáisiúnta agus ar na táscairí sin atá ar fáil cheana féin i ndáil le beartais na dTairbhithe. Beidh na táscairí comhleanúnach freisin, a mhéid is féidir, leis na heochairtháscairí feidhmíochta a áirítear i gCreat Torthaí na hIonstraime um Chúnamh Réamhaontachais (IPA III), i gCreat Tomhaiste Torthaí CEFI+ agus in WBIF agus áireofar leo táscairí maidir le comhairleoireacht agus trédhearcacht. Beidh na táscairí sainithe, sonrach, intomhaiste, indéanta, ábhartha agus faoi cheangal ama. Déanfar foráil le gach táscaire maidir le tairseacha cainníochtúla agus cáilíochtúla chun go measfar go bhfuil na coinníollacha íocaíochta comhlíonta go sásúil.***

***2b. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh chun an Rialachán seo a fhorlíonadh chun na táscairí comhchoiteanna a leagan amach a bheidh le húsáid chun tuairisciú a dhéanamh ar an dul chun cinn agus faireachán agus meastóireacht a dhéanamh ar an tSaoráid, i dtreo na cuspóirí ginearálta agus sonracha a bhaint amach.***

Airteagal 14

Measúnú ón gCoimisiún ar na Cláir Oibre um Athchóiriú

1. Déanfaidh an Coimisiún measúnú ar ábharthacht, cuimsitheacht agus oiriúnacht Chlár Oibre gach Tairbhí um Athchóiriú nó, i gcás inarb infheidhme, ar aon leasú ar an gClár Oibre sin, gan moill mhíchuí. Agus a mheasúnú á dhéanamh aige, gníomhóidh an Coimisiún i ndlúthchomhar leis an Tairbhí lena mbaineann, agus féadfaidh sé barúlacha a thabhairt nó faisnéis bhreise a lorg ***nó ceangal ar an Tairbhí athbhreithniú nó modhnú a dhéanamh ar a Chlár Oibre um Athchóiriú***.

2. Agus measúnú á dhéanamh ag an gCoimisiún ar na Cláir Oibre um Athchóiriú, cuirfidh sé san áireamh an fhaisnéis anailíseach ábhartha atá ar fáil maidir leis an Tairbhí, an bonn cirt agus na gnéithe a chuir an Tairbhí ar fáil dá dtagraítear in Airteagal 13, chomh maith le haon fhaisnéis ábhartha eile amhail an fhaisnéis a liostaítear in Airteagal 11.

3. Ina mheasúnú, breithneoidh an Coimisiún na critéir seo a leanas:

(a) an bhfuil an Clár Oibre um Athchóiriú mar fhreagairt atá ábhartha, cuimsitheach, comhleanúnach agus cothromaithe go leormhaith, ***bunaithe ar riachtanais,*** ar na cuspóirí a leagtar amach in Airteagal 3;

***(aa) an bhfuil an Clár Oibre um Athchóiriú agus a bhearta comhsheasmhach leis na prionsabail, na straitéisí, na pleananna agus na cláir dá dtagraítear in Airteagail 4 agus 11;***

(b) an féidir coinne a bheith leis go gcuirfidh an Clár Oibre um Athchóiriú dlús leis an dul chun cinn i dtreo an bhearna shocheacnamaíoch idir an Tairbhí agus an tAontas a dhúnadh, agus ar an gcaoi sin go bhfeabhsófar forbairt eacnamaíoch,

shóisialta agus chomhshaoil agus go dtacófar leis an gcóineasú i dtreo chaighdeáin an Aontais***, go laghdófar neamhionannais agus go n-atreiseofar an comhtháthú sóisialta***;

(c) an féidir coinne a bheith leis go gcuirfidh an Clár Oibre um Athchóiriú dlús le haistriú na dTairbhithe i dtreo geilleagair atá inbhuanaithe, aeráidneodrach, athléimneach ó thaobh na haeráide de agus cuimsitheach trí nascacht réigiúnach a fheabhsú, dul chun cinn a dhéanamh maidir le haistriú glas agus aistriú digiteach, lena n-áirítear an bhithéagsúlacht, ***lena laghdófaí spleáchais straitéiseacha*** agus borradh a chur faoin ***taighde agus faoin*** nuálaíocht, faoin oideachas, ***faoin oiliúint, faoin bhfostaíocht*** agus faoi scileanna agus faoin margadh saothair i gcoitinne***, agus aird ar leith á díriú ar an óige***;

***(ca) an bhfuil na bearta a áirítear sa Chlár Oibre um Athchóiriú comhoiriúnach leis na prionsabail 'gan dochar suntasach a dhéanamh' agus 'gan aon duine a fhágáil ar lár';***

***(cb) an féidir coinne a bheith leis go ndéanfar an méid seo a leanas a chur chun cinn leis an gClár Oibre um Athchóiriú:***

***(i) institiúidí daonlathacha, dea-rialachas, riarachán poiblí agus fothú acmhainneachta, saoirse na meán agus an tsochaí shibhialta;***

***(ii) ceartas idirnáisiúnta, dea-chaidreamh comharsanachta agus athmhuintearas;***

***(iii) dílárú agus forbairt áitiúil;***

***(iv) comhionannais inscne agus cumhachtú na mban agus na gcailíní,***

***(v) neamh-idirdhealú, caoinfhulaingt agus urraim do chearta na ndaoine uile ar de mhionlaigh iad, lena n-áirítear mionlaigh eitneacha agus reiligiúnacha agus an pobal LADTIA;***

***(vi) cosaint sceithirí;***

(d) an féidir coinne a bheith leis go ndéanfaidh an Clár Oibre um Athchóiriú bunphrionsabail phróiseas an mhéadaithe mar a shainmhínítear in Airteagal 3.2 pointe (i) a neartú tuilleadh;

(e) an ***gcomhlíonann*** an Clár Oibre um Athchóiriú na réamhchoinníollacha ***ábhartha*** agus coinníollacha íocaíochta ***ábhartha***;

(f) an bhfuil na coinníollacha íocaíochta atá beartaithe ag an Tairbhí iomchuí agus uaillmhianach, i gcomhréir leis an measúnú ón bPacáiste um Méadú is déanaí, agus an bhfuil siad fóinteach agus soiléir go leor chun gur féidir cistí a scaoileadh i gcás ina gcomhlíontar iad agus an bhfuil na táscairí tuairiscithe atá beartaithe iomchuí agus leordhóthanach chun faireachán agus tuairisciú a dhéanamh ar an dul chun cinn atá déanta i dtreo na gcuspóirí foriomlána;

(g) an bhfuil coinne leis go ndéanfar leis na socruithe atá beartaithe ag an Tairbhí neamhrialtachtaí, calaois, éilliú agus coinbhleachtaí leasa***, coireacht eagraithe agus sciúradh airgid*** a chosc, a bhrath agus a cheartú go héifeachtach, ***chomh maith le cionta coiriúla a dhéanann difear do na cistí*** faoin tSaoráid ***a imscrúdú agus a ionchúiseamh go héifeachtach,*** agus an áirithítear leo nach mbeidh aon chistiú dúbailte ann ón tSaoráid ná ó chláir eile de chuid an Aontais

ná ó dheontóirí eile***, go háirithe tacaíocht dá bhforáiltear faoi Rialachán (AE) 2021/1259;***

***(ga) an bhfuil coinne leis go n-áiritheoidh na socruithe arna mbeartú ag an Tairbhí leibhéal leormhaith cosanta do leasanna airgeadais an Aontais trí chaighdeáin inchomparáide dá bhforáiltear i Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 a chur i bhfeidhm;***

***(gb) an léirítear go héifeachtach sa Chlár Oibre um Athchóiriú ionchur na ngeallsealbhóirí ábhartha, lena n-áirítear parlaimintí náisiúnta, comhlachtaí agus údaráis ionadaíocha áitiúla agus réigiúnacha, comhpháirtithe sóisialta agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta***.

4. Chun críche an mheasúnaithe ar na Cláir Oibre um Athchóiriú arna gcur isteach ag na Tairbhithe, féadfaidh saineolaithe ***neamhspleácha*** cúnamh a thabhairt don Choimisiún.

***4a. Iarrfaidh an Coimisiún ar an Tairbhí a Chlár Oibre um Athchóiriú a athbhreithniú nó a mhodhnú chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí a d'fhéadfadh a bheith ann i gcás ina léiríonn toradh a mheasúnaithe nach gcomhlíontar roinnt de na critéir nó na critéir go léir mar a luaitear i mír 3 iad. Bheadh athbhreithniú den sórt sin ailínithe leis an bpróiseas formheasta le haghaidh cláir thrasteorann ina bhfuil na Tairbhithe rannpháirteach.***

Airteagal 15

***Gníomh tarmligthe maidir le forálacha forlíontacha***

1. I gcás measúnú dearfach ar an gClár Oibre um Athchóiriú arna chur isteach ag an Tairbhí, i gcomhréir le hAirteagal 14 nó, i gcás inarb infheidhme, i gcás leasú air arna chur isteach i gcomhréir le hAirteagal 16***, tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomh tarmligthe a ghlacadh*** i gcomhréir le ***hAirteagal 26 chun an Rialachán seo a fhorlíonadh le forálacha ina leagtar amach na hábhair*** dá dtagraítear i ***míreanna 2 agus 3 den*** Airteagal seo ▌.

2. ***Leagfar amach*** sa ***ghníomh tarmligthe*** na hathchóirithe ***is gá*** a bheidh le cur chun feidhme ag an Tairbhí, ***sainaithneofar*** na réimsí infheistíochta ***sonracha*** a mbeidh tacaíocht le tabhairt dóibh agus ***leagfar amach*** na ▌ coinníollacha ***faoina ndéanfar íocaíochtaí faoin*** gClár Oibre um Athchóiriú, lena n-áirítear an tráthchlár táscach***, agus na garspriocanna agus na spriocanna is gá chun na méideanna dá dtagraítear in Airteagal 6(1)(a) agus (2) a eisíoc. Beidh an gníomh tarmligthe ina ionstraim chriticiúil chun gníomhaíochtaí an Tairbhí a threorú i dtreo chomhlíonadh na gcuspóirí a comhaontaíodh agus cuntasacht agus dul chun cinn sa phróiseas athchóirithe a áirithiú***.

3. Leagfar síos an méid seo a leanas freisin sa ***ghníomh tarmligthe***:

(a) méid táscach na gcistí foriomlána atá ar fáil don Tairbhí, agus na tráthchodanna sceidealaithe atá le scaoileadh lena n-áirítear réamh-mhaoiniú, struchtúraithe i gcomhréir le hAirteagal 13, a luaithe a chomhlíonann an Tairbhí go sásúil na coinníollacha íocaíochta ábhartha i bhfoirm céimeanna cáilíochtúla agus cainníochtúla arna sainaithint i ndáil le cur chun feidhme an Chláir Oibre Athchóiriúcháin;

(b) an miondealú de réir tráthchoda den mhaoiniú idir tacaíocht iasachta agus tacaíocht neamh-inaisíoctha;

(c) an teorainn ama faoinar gá na coinníollacha íocaíochta deiridh le haghaidh na n-athchóirithe a chur i gcrích;

(d) na socruithe agus an tráthchlár chun faireachán agus tuairisciú a dhéanamh ar an gClár Oibre um Athchóiriú, agus chun é a chur chun feidhme***, go háirithe rannpháirtíocht pharlaiminti náisiúnta na dtíortha is Tairbhithe agus geallsealbhóirí eile,*** lena n-áirítear, i gcás inarb ábhartha, na bearta is gá chun Airteagal 24 a chomhlíonadh;

(e) na táscairí dá dtagraítear in Airteagal 13(2) chun measúnú a dhéanamh ar an dul chun cinn i dtreo bhaint amach na gcuspóirí ginearálta agus sonracha in Airteagal 3;

***(ea) measúnú an Choimisiúin ar na réamhchoinníollacha dá dtagraítear in Airteagal 5;***

***(eb) na socruithe le haghaidh íocaíochtaí páirteacha, lena léirítear go beacht an cion de gach coinníoll íocaíochta ábhartha i ndáil le gach tráthchuid atá beartaithe le scaoileadh;***

***(ec) an chaoi a ndéanfar measúnú ar aisiompú beart nó neamh-chomhlíonadh réamhchoinníollacha tar éis na Saoráide a chur i gcrích;***

***(ed) an oibleagáid atá ar an Tairbhí ráthaíocht airgeadais, a bheidh inghlactha ag oifigeach cuntasaíochta an Choimisiúin, a thaisceadh, arb ionann í agus 5 % d'imchlúdach airgeadais an Chláir Oibre um Athchóiriú, a bheidh infhorfheidhmithe ar éileamh ón gCoimisiún nuair a mheasfaidh sé, tar éis dheireadh thréimhse cur chun feidhme na Saoráide, go bhfuil an Tairbhí tar éis beart amháin ar a laghad a aisiompú sa Chlár Oibre um Athchóiriú.***

Airteagal 16

Leasuithe ar na Cláir Oibre Athchóiriúcháin

1. I gcás nach bhféadfaidh an Tairbhí an Clár Oibre Athchóiriúcháin, lena n-áirítear coinníollacha íocaíochta ábhartha, a bhaint amach a thuilleadh, go páirteach nó go hiomlán, mar gheall ar imthosca oibiachtúla, féadfaidh an Tairbhí Clár Oibre Athchóiriúcháin leasaithe a mholadh. Sa chás sin, féadfaidh an Tairbhí iarraidh réasúnaithe a dhéanamh ar an gCoimisiún ***an gníomh tarmligthe*** dá dtagraítear in Airteagal 15(1) a leasú.

2. Féadfaidh an Coimisiún***, tar éis dó Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle a chur ar an eolas,*** an ***gníomh tarmligthe*** a leasú, go háirithe chun athrú ar na méideanna atá ar fáil a chur san áireamh i gcomhréir leis na prionsabail faoi Airteagal 21.

3. I gcás ina measann an Coimisiún go bhfuil údar maith le leasú a dhéanamh ar an gClár Oibre um Athchóiriú de bharr na gcúiseanna arna gcur in iúl ag an Tairbhí, déanfaidh an Coimisiún measúnú ar an gClár Oibre leasaithe i gcomhréir le hAirteagal 14 agus féadfaidh sé an ***gníomh tarmligthe*** dá dtagraítear in Airteagal 15(1) a leasú gan moill mhíchuí.

4. I leasú, féadfaidh an Coimisiún glacadh le hamlínte le haghaidh coinníollacha íocaíochta a leanann go 2028. Ní dhéanann sé sin difear don sprioc-am deiridh a leagtar síos in Airteagal 21(8).

Airteagal 17

Comhaontú iasachta, oibríochtaí trína bhfaightear agus trína dtugtar iasachtaí

1. Chun an tacaíocht faoin tSaoráid i bhfoirm iasachtaí a mhaoiniú, tabharfar de chumhacht don Choimisiún, thar ceann an Aontais, na cistí is gá a fháil ar iasacht ar na margaí caipitil nó ó institiúidí airgeadais i gcomhréir le hAirteagal 220a de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046.

2. De mhaolú ar Airteagal 220(4) den Rialachán Airgeadais, féadfar eisíocaíochtaí na hiasachta a chur chun feidhme trí WBIF thar ceann an Tairbhí. Aistreofar méideanna arna n-aisghabháil chuig an Tairbhí.

3. Déanfaidh an Coimisiún comhaontú iasachta leis an Tairbhí. Leagfar síos sa chomhaontú iasachta uasmhéid na hiasachta, an tréimhse infhaighteachta agus téarmaí agus coinníollacha mionsonraithe na tacaíochta faoin tSaoráid i bhfoirm iasachtaí. Mairfidh na hiasachtaí ar feadh 40 bliain ar a mhéad ó shíniú an comhaontú iasachta.

Sa bhreis ar Airteagal 220(5) de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 agus de mhaolú air, beidh méid an réamh-mhaoinithe agus na rialacha maidir le himréiteach an réamh-mhaoinithe sa chomhaontú iasachta. ***Déanfaidh an Coimisiún na gnéithe seo a leanas a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle ag an am céanna:***

***(a) méid na hiasachta in EUR;***

***(b) meánaibíocht na hiasachta;***

***(c) an fhoirmle phraghsála, agus tréimhse infhaighteachta na hiasachta;***

***(d) an t-uaslíon tráthchodanna agus sceideal aisíocaíochta soiléir agus beacht;***

Maidir le méideanna iasachta a chuirtear chun feidhme trí WBIF, déanfar an méid seo a leanas sa chomhaontú iasachta freisin:

(a) foráil a dhéanamh go n-údaróidh an Tairbhí go neamh-inchúlghairthe agus gan choinníoll don Choimisiún eisíocaíochtaí a íoc leis an eintiteas a chuireann an ciste chun feidhme arna iarraidh sin don eintiteas sin agus go bhfuil a oibleagáidí íocaíochta leis an tairbhí comhlíonta ag an gCoimisiún tríd an íocaíocht a dhéanamh leis an eintiteas sin;

(b) foráil a dhéanamh maidir leis an oibleagáid atá ar an Tairbhí costais an chur chun feidhme agus aon táillí atá dlite i leith chur chun feidhme an chiste a sheasamh i gcomhréir leis na coinníollacha a comhaontaíodh idir an Coimisiún agus an t-eintiteas a chuireann an ciste chun feidhme.

***3a. Déanfar an comhaontú iasachta a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle ag an am céanna.***

Airteagal 18
Soláthar

1. De bhun Airteagal 211(1) de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046, déanfar soláthar le haghaidh na n-iasachtaí faoin Rialachán seo ar ráta 9 % nuair a chuirfear aon chiste a chumhdaítear le hAirteagal 6(3) den Rialachán seo ar fáil. Is ón imchlúdach dá dtagraítear in Airteagal 6(2) pointe (a) a dhéanfar an soláthar.

   Déanfar gealltanais bhuiséadacha le haghaidh an tsoláthair faoin 31 Nollaig 2027. De mhaolú ar an abairt dheireanach d'Airteagal 211(2) de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046, déanfar an soláthar a íoc de réir a chéile agus a bhunú go hiomlán ar a dhéanaí nuair a eisíocfar na hiasachtaí ina n-iomláine.

2. Íocfar an soláthar leis an gciste don soláthar coiteann ***trí líne bhuiséid shonrach***. Féadfar iasachtaí le haghaidh cúnamh macrairgeadais a chumhdach leis freisin i gcomhréir le hAirteagal 31(5) de Rialachán (AE) 2021/947. Déanfar athbhreithniú ar an ráta soláthair ***uair sa bhliain*** ar a laghad ó theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.

3. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomh tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 26 chun an ráta soláthair a leasú agus na critéir a leagtar amach in Airteagal 211(2) de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 á gcur i bhfeidhm ag an am céanna. ***Cuirfidh an Coimisiún toradh an athbhreithnithe in iúl do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle.***

Airteagal 19
Cur chun feidhme tionscadal agus clár infheistíochta faoi Chreat Infheistíochta na mBalcán Thiar

1. Chun tairbhe a bhaint as giaráil thacaíocht airgeadais an Aontais chun infheistíocht bhreise a mhealladh, déanfar infheistíochtaí bonneagair a thacaíonn leis na Cláir Oibre Athchóiriúcháin a chur chun feidhme trí WBIF.

2. Leagfar síos sa ***ghníomh tarmligthe*** dá dtagraítear in Airteagal 15 méid na gcistí atá le cur ar fáil lena n-úsáid faoi WBIF.

3. Cuirfidh an Coimisiún tograí ábhartha maidir le tionscadail infheistíochta nó cláir infheistíochta isteach chun tuairim Bhord Oibríochtúil WBIF dá dtagraítear in Airteagal 35(8) de Rialachán (AE) 2021/947 a fháil tar éis ghlacadh an chinnidh dá dtagraítear in Airteagal 21(3).

4. Is ionann 37 % ar a laghad den tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha a sheolfar trí WBIF agus cuspóirí aeráide***, arna ríomh i gcomhréir le hIarscríbhinn VI de Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle***[1].

5. Déanfar maoiniú faoin tSaoráid a sholáthraítear ón imchlúdach airgeadais dá dtagraítear in Airteagal 6(2) pointe (a), tar éis méid an tsoláthair a bhaint, a chur chun feidhme faoi bhainistíocht indíreach agus píblíne infheistíochtaí á gcur san áireamh agus soláthrófar é de réir a chéile trí ranníocaíochtaí arna n-íoc isteach sa chomhchiste arna bhunú faoi WBIF chun ranníocaíochtaí ó dheontóirí a fháil.

---

[1] ***Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (IO L 057, 18.2.2021, lch. 17).***

6. Ní chuirfear an maoiniú sin ar fáil le haghaidh infheistíochtaí ***atá le*** tacaíocht ***a fháil*** ón gcomhchiste go dtí go nglacfar an cinneadh dá dtagraítear in Airteagal 21(3).

7. Cuirfear maoiniú faoin tSaoráid a sholáthraítear ó na hiasachtaí dá dtagraítear in Airteagal 6(5) ar fáil trí WBIF faoin gcomhaontú iasachta idir an Coimisiún agus na Tairbhithe i gcomhréir le hAirteagal 17(2). I gcás gach comhaontaithe iasachta, déanfar ar a mhéad dhá iarraidh déag ar eisíocaíochtaí in aghaidh na bliana ó bhainisteoirí ciste an chomhchiste dá dtagraítear in Airteagal 12(2) leis an gCoimisiún. Féadfaidh tionscadail agus cláir infheistíochta tacaíocht a fháil ó dhá fhoinse mhaoiniúcháin dá dtagraítear i mír 1 agus ó chláir agus ionstraimí eile de chuid an Aontais, ar choinníoll go soláthraítear breisíocht leis an tacaíocht sin ó fhoinsí, ó chláir agus ó ionstraimí éagsúla agus nach gcumhdaíonn sí an costas céanna. ***I gcás gach tionscadal infheistíochta nó clár infheistíochta, soláthróidh an Coimisiún measúnú mionsonraithe do Bhord Oibríochtúil WBIF ar a bhreisluach agus ar a bhreisíocht, ar a shineirgí agus ar a chomhlántachtaí le cláir eile de chuid an Aontais, go háirithe tacaíocht arna soláthar faoi Rialachán (AE) 2021/1529, chomh maith leis na socruithe arna ndéanamh chun dúbláil cúnaimh agus cistiú dúbailte a sheachaint.***

Airteagal 20
Réamh-mhaoiniú

1. Tar éis an Clár Oibre Athchóiriúcháin a chur faoi bhráid an Choimisiúin, féadfaidh an Tairbhí a iarraidh go scaoilfí réamh-mhaoiniú suas le 7 % den mhéid iomlán dá bhforáiltear faoin tSaoráid seo i gcomhréir le hAirteagal 6(4).

***Ní chuirfear aon réamh-mhaoiniú ar fáil i gcás easnaimh i gcóras rialaithe na dTairbhithe a dtugtar aghaidh orthu le bearta sonracha sa Chlár Oibre um Athchóiriú mar a thuairiscítear in Airteagal 13(1)(f).***

2. Féadfaidh an Coimisiún an réamh-mhaoiniú a iarradh a scaoileadh tar éis ghlacadh ***an ghnímh tharmligthe*** dá dtagraítear in Airteagal 15 agus theacht i bhfeidhm an ***Chreat-Chomhaontaithe*** Saoráide agus an chomhaontaithe iasachta dá dtagraítear. Scaoilfear na cistí i gcomhréir leis an gcéad abairt d'Airteagal 21(3), agus faoi réir na réamhchoinníollacha a leagtar amach in Airteagal 5 a urramú***, ar réamhchoinníollacha iad a dhéanfaidh an Coimisiún measúnú sainráite orthu roimh an ngníomh tarmligthe***.

3. Déanfaidh an Coimisiún cinneadh maidir leis an tréimhse ama le haghaidh eisíocaíocht an réamh-mhaoinithe, a fhéadfar a eisíoc i dtráinse amháin nó níos mó.

Airteagal 21
Measúnú ar chomhlíonadh coinníollacha íocaíochta, cistí a choinneáil siar, a laghdú agus a athdháileadh, rialacha maidir le híocaíochtaí

1. Dhá uair sa bhliain, cuirfidh an Tairbhí iarraidh chuí-réasúnaithe isteach ar scaoileadh cistí a bhfuil na coinníollacha maidir le híocaíochtaí, atá nasctha leis na céimeanna cainníochtúla agus cáilíochtúla, comhlíonta ina leith.

2. Forbróidh an Coimisiún, ***i gcomhar le Parlaimint na hEorpa agus leis an gComhairle, treoirlínte maidir le measúnú a dhéanamh*** ar cibé ar éirigh leis an Tairbhí na coinníollacha íocaíochta a leagtar amach sa ***ghníomh tarmligthe*** dá dtagraítear in Airteagal 15(1) ***a chomhlíonadh go sásúil ar bhonn na faisnéise arna***

***fáil ag an Tairbhí agus, má tá siad ar fáil, ar bhonn aon sonraí ábhartha arna dtíolacadh ag údaráis na mBallstát, OLAF agus Cúirt Iniúchóirí na hEorpa***. Le cur i gcrích sásúil na gcoinníollacha íocaíochta sin, glacfar leis nár aisiompaigh an Tairbhí na bearta a bhaineann leis na hathchóirithe céanna a raibh comhlíonadh sásúil bainte amach ag an Tairbhí ina leith i gcinntí roimhe sin. Féadfaidh saineolaithe cúnamh a thabhairt don Choimisiún.

3. I gcás ina ndéanfaidh an Coimisiún measúnú dearfach ar chomhlíonadh sásúil na gcoinníollacha uile is infheidhme, glacfaidh sé cinneadh gan moill mhíchuí lena n-údarófar scaoileadh na gcistí a chomhfhreagraíonn do na coinníollacha sin. ***Déanfaidh an Coimisiún a mheasúnú a chomhroinnt le Parlaimint na hEorpa agus leis an gComhairle agus rachaidh sé i gcomhairle leo sula nglacfaidh sé a chinneadh.*** Socrófar leis an gcinneadh sin, i gcomhréir leis an deighilt a bhunaítear in Airteagal 6(4), méid na gcistí atá le cur ar fáil mar chúnamh airgeadais, agus a chuirfear go díreach chuig an mbuiséad náisiúnta, agus an méid atá le cur ar fáil trí WBIF. I ndáil leis na méideanna sin, is éard a bheidh sa chinneadh an coinníoll dá dtagraítear in Airteagal 12 maidir le méid na gcistí atá le cur ar fáil mar chúnamh airgeadais a chuirfear go díreach chuig an mbuiséad náisiúnta agus an réamhbhailíochtú dá dtagraítear in Airteagal 12 le haghaidh an mhéid atá le cur ar fáil trí WBIF.

4. I gcás ina ndéanfaidh an Coimisiún measúnú diúltach ar chomhlíonadh aon choinníollacha de réir an tráthchláir tháscaigh, déanfar scaoileadh na gcistí a chomhfhreagraíonn do na coinníollacha sin a choinneáil siar. ***Déanfaidh an Coimisiún a mheasúnú a chomhroinnt le Parlaimint na hEorpa agus leis an gComhairle sula nglacfaidh sé a chinneadh.*** Ní fhéadfar na méideanna a coinníodh siar a scaoileadh saor ach amháin má tá údar cuí tugtha ag an Tairbhí, mar chuid den iarraidh ina dhiaidh sin ar chistí a scaoileadh, go bhfuil na bearta is gá déanta aige chun a áirithiú go gcomhlíonfar na coinníollacha comhfhreagracha go sásúil.

5. I gcás ina gcinnfidh an Coimisiún nach ndearna an Tairbhí na bearta is gá laistigh de thréimhse 12 mhí ón measúnú diúltach tosaigh dá dtagraítear i mír 6, laghdóidh an Coimisiún méid na tacaíochta airgeadais neamh-inaisíoctha agus méid na hiasachta i gcomhréir leis an gcuid a chomhfhreagraíonn do na coinníollacha íocaíochta ábhartha. Le linn na chéad bhliana den chur chun feidhme, beidh feidhm ag sprioc-am 24 mhí, arna ríomh ón measúnú diúltach tosaigh dá dtagraítear i mír 6. Féadfaidh an Tairbhí a bharúlacha a chur isteach laistigh de 2 mhí tar éis don Choimisiún a chonclúidí a chur in iúl dó.

6. Aon mhéid a chomhfhreagraíonn do choinníollacha íocaíochta nach bhfuil comhlíonta faoin
31 Nollaig 2028, ní bheidh sé dlite do na Tairbhithe agus déanfar é a shaoradh, nó a chealú ón méid tacaíochta iasachta atá ar fáil, de réir mar is iomchuí.

7. Féadfaidh an Coimisiún méid na tacaíochta airgeadais neamh-inaisíoctha a laghdú, lena n-áirítear trí fhritháireamh i gcomhréir le hAirteagal 102 de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046, nó méid na hiasachta, i gcásanna sainaitheanta neamhrialtachtaí, calaois, éilliú agus coinbhleachtaí leasa a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais, nó ábhair imní thromchúiseacha ina leith, nach bhfuil ceartaithe ag an Tairbhí, nó i gcás sárú tromchúiseach ar oibleagáid a eascraíonn as na ***Creat-Chomhaontuithe*** nó as na Comhaontuithe Iasachta, lena n-áirítear ar bhonn faisnéise arna soláthar ag OLAF***, Cúirt Iniúchóirí na hEorpa, nó na tuarascálacha ón mBord Iniúchóireachta***

***dá dtagraítear in Airteagal 22a***. ***Cuirfear Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle ar an eolas faoi na cinntí sin***.

8. Féadfaidh an Coimisiún a chinneadh aon mhéid arna laghdú de bhun mhír 6 nó 7 a athdháileadh i measc Tairbhithe eile na Saoráide trí leasú a dhéanamh ar an ***ngníomh tarmligthe*** dá dtagraítear in Airteagal 15(1). ***Déanfaidh an Coimisiún a mheasúnú a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle sula ndéanfaidh sé aon chinneadh maidir le hathdháileadh na tacaíochta airgeadais. Úsáidfidh an Coimisiún an mhodheolaíocht a leagtar amach san Iarscríbhinn agus cuirfidh sé acmhainneacht ionsúcháin na dTairbhithe san áireamh chun an tacaíocht airgeadais sin a athdháileadh, agus í bunaithe ar chritéir shoiléire thrédhearcacha. Cuirfidh an Coimisiún cúnamh teicniúil ar fáil freisin chun aghaidh a thabhairt ar easpa acmhainneacht ionsúcháin sna Tairbhithe.***

9. Maidir leis an gcuid sin de chistiú na Saoráide arna íoc mar chúnamh airgeadais, a chuirfear go díreach chuig buiséid náisiúnta na dTairbhithe, de mhaolú ar Airteagal 116(2) de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046, cuirfear tús leis an sprioc-am íocaíochta dá dtagraítear i bpointe (a) d'Airteagal 116 (1) de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ón dáta a chuirfear an cinneadh lena n-údaraítear an eisíocaíocht leis an Tairbhí in iúl de bhun mhír 4 den Airteagal seo.

10. Ní bheidh feidhm ag Airteagal 116(5) de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 maidir le híocaíochtaí a dhéantar mar chúnamh airgeadais, arna gcur go díreach chuig buiséid náisiúnta na dTairbhithe de bhun an Airteagail seo agus Airteagal 22 den Rialachán seo.

11. Déanfar íocaíocht cistí faoin tSaoráid seo faoi réir an chistithe a bheidh ar fáil ***agus i gcomhréir leis an nós imeachta buiséadach bliantúil***. Íocfar na cistí i dtráthchodanna. Féadfar tráthchuid a íoc i dtráinse amháin nó níos mó.

12. Íocfar an méid a chuirfear ar fáil mar chúnamh airgeadais, a chuirfear go díreach chuig an mbuiséad náisiúnta, tar éis an chinnidh dá dtagraítear i mír 3 i gcomhréir leis an gcomhaontú iasachta.

13. Beidh íocaíocht aon mhéid den tacaíocht i bhfoirm iasachtaí, cé acu a chuirfear go díreach chuig an mbuiséad náisiúnta nó trí WBIF iad, faoi réir iarraidh ar íocaíocht a bheith curtha isteach ag an Tairbhí san fhoirm a leagtar amach sa chomhaontú iasachta.

14. Íocfar an méid a chuirfear ar fáil trí WBIF tar éis an chinnidh dá dtagraítear i mír 3, tar éis an iarraidh ar íocaíocht dá dtagraítear i mír 13 agus tar éis iarraidh ar íocaíocht a fháil ó bhainisteoirí ciste an chomhchiste arna bhunú faoi WBIF chun ranníocaíochtaí ó dheontóirí a fháil.

# CAIBIDIL IV

## Leasanna airgeadais an Aontais a chosaint

### Airteagal 22
### Leasanna airgeadais an Aontais a chosaint

1. Agus an tSaoráid á cur chun feidhme, déanfaidh an Coimisiún agus na Tairbhithe na bearta iomchuí uile is gá chun leasanna airgeadais an Aontais a chosaint, agus

prionsabal na comhréireachta agus na coinníollacha sonracha faoina bhfeidhmeoidh an tSaoráid, na réamhchoinníollacha a leagtar amach in Airteagal 5(1) agus na coinníollacha a leagtar amach sna ***Creat-Chomhaontuithe*** sonracha á gcur san áireamh, go háirithe maidir le calaois, éilliú, coinbhleachtaí leasa agus neamhrialtachtaí a chosc, a bhrath agus a cheartú, ***chomh maith le cionta coiriúla a dhéanann difear do na cistí a sholáthraítear faoin tSaoráid a imscrúdú agus a ionchúiseamh***. Tabharfaidh gach Tairbhí gealltanas i leith ***creat dlíthiúil láidir chun calaois a chomhrac leis an dlí choiriúil,*** chun córais bhainistithe agus rialaithe atá éifeachtach agus éifeachtúil ***a chur chun feidhme*** agus chun a áirithiú gur féidir méideanna a íocadh go mícheart nó a úsáideadh go mícheart a aisghabháil. ***Geallfaidh na Tairbhithe freisin go n-áiritheoidh siad go ndéileálfaidh na húdaráis náisiúnta inniúla, gan mhoill, le hiarrataí ar chúnamh frithpháirteach dlí agus le hiarrataí ar eiseachadadh ó OIPE agus ó údaráis inniúla na mBallstát maidir le cionta coiriúla a dhéanann difear do na cistí faoin tSaoráid.***

2. Déanfar foráil sa ***Chreat-Chomhaontú*** maidir leis na hoibleagáidí seo a leanas atá ar an Tairbhí:

(a) a sheiceáil go rialta gur úsáideadh an maoiniú arna chur ar fáil i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme, go háirithe maidir le calaois, éilliú, coinbhleachtaí leasa agus neamhrialtachtaí a chosc, a bhrath agus a cheartú;

***(aa) sceithirí a chosaint;***

(b) bearta iomchuí a dhéanamh chun calaois, éilliú, coinbhleachtaí leasa agus neamhrialtachtaí a chosc, a bhrath agus a cheartú, ***chomh maith le cionta coiriúla*** a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais ***a imscrúdú agus a ionchúiseamh***, cistiú dúbailte ***a bhrath agus*** a sheachaint agus caingean dlí a thionscnamh chun cistí a míleithreasaíodh a aisghabháil, lena n-áirítear i ndáil le haon bheart chun athchóirithe agus tionscadail nó cláir infheistíochta faoi na Cláir Oibre um Athchóiriú a chur chun feidhme ***agus bearta iomchuí a dhéanamh chun déileáil le hiarrataí ar chúnamh frithpháirteach dlí ó OIPE agus ó údaráis inniúla na mBallstát maidir le cionta coiriúla a dhéanann difear do na cistí faoin tSaoráid, gan mhoill***; oibleagáid a sholáthar, ***i gcás inarb infheidhme, chun go ndéanfaidh na húdaráis náisiúnta inniúla aon iompraíocht choiriúil a dhéanann difear do na cistí faoin tSaoráid a thuairisciú do OIPE***;

(c) a áirithiú, chun críoch mhír 1 den Airteagal seo, go háirithe maidir le seiceálacha ar úsáid na gcistí i ndáil le cur chun feidhme athchóirithe sna Cláir Oibre um Athchóiriú, go mbaileofar sonraí leordhóthanacha, agus go mbeidh rochtain orthu, ***i gcomhréir le prionsabail an Aontais i ndáil le cosaint sonraí agus leis na rialacha is infheidhme i ndáil le cosaint sonraí,*** maidir le daoine agus eintitis a fhaigheann cistiú***, lena n-áirítear faisnéis faoi úinéireacht thairbhiúil,*** chun bearta an Chláir Oibre um Athchóiriú a chur chun feidhme faoi Chaibidil III;

(d) údarú sainráite a thabhairt don Choimisiún, do OLAF, don Chúirt Iniúchóirí agus, i gcás inarb infheidhme, do OIPE, chun a gcearta a fheidhmiú mar a fhoráiltear in Airteagal 129 de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046.

***(da) an fhaisnéis uile a bhaineann le cur chun feidhme na dtionscadal a chur isteach, go háirithe maidir le feidhmíocht agus cur chun feidhme airgeadais***

***agus faighteoirí deiridh i gcóras faisnéise idir-inoibritheach arna sholáthar ag an gCoimisiún;***

***(db) an méid seo a leanas a sholáthar le haon iarraidh ar íocaíocht:***

***(i) dearbhú bainistíochta gur comhlíonadh na coinníollacha íocaíochta ábhartha le tacaíocht ó na cistí, go bhfuil an fhaisnéis a cuireadh isteach in éineacht leis an iarraidh ar íocaíocht iomlán, cruinn agus iontaofa agus go dtugann na córais rialaithe a cuireadh ar bun na dearbhuithe is gá go ndearnadh na cistí a bhainistiú nó go ndéanfar iad a bhainistiú i gcomhréir leis na rialacha uile is infheidhme;***

***(ii) liosta de na bearta uile chun an tSaoráid a chur chun feidhme, lena n-áirítear tuairisc ar na bearta ina bhfuil méid iomlán cistiúcháin bhreise náisiúnta na mbeart agus na dtionscadal sin, i gcás inarb infheidhme, agus ina léirítear méid na gcistí arna n-íoc faoin tSaoráid agus faoi chistí eile de chuid an Aontais, lena n-áirítear acmhainní arna n-aistriú ó chláir eile de chuid an Aontais;***

***(iii) achoimre ar na hiniúchtaí a rinneadh, lena n-áirítear laigí a sainaithníodh agus aon ghníomhaíocht cheartaitheach a rinneadh;***

***(dc) chun críche iniúchta, rialaithe agus urscaoilte:***

***(i) na nithe seo a leanas a choinneáil ar bun, agus rochtain orthu a áirithiú d'údaráis inniúla an Aontais, lena n-áirítear an t-údarás um urscaoileadh:***

***- taifid mhionsonraithe ar na bearta cur chun feidhme arna nglacadh, lena n-áirítear faisnéis maidir le nósanna imeachta dámhachtana náisiúnta agus conarthaí le hidirghabhálaithe agus faighteoirí, lena léirítear, más infheidhme, méid iomlán arna fháil ó aon chómhaoiniú náisiúnta, ó ranníocaíochtaí náisiúnta eile, nó ó ranníocaíochtaí eile faoin tSaoráid nó faoi chistí eile de chuid an Aontais; agus***

***- fianaise lena léirítear an comhghaol idir na deontais, an tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha nó na hiasachtaí a fuarthas agus na costais a tabhaíodh chun na táscairí a bhaint amach.***

3. Déanfar foráil sa ***Chreat-Chomhaontú*** freisin maidir le ceart an Choimisiúin an tacaíocht a sholáthraítear faoin tSaoráid a laghdú go comhréireach agus aon suim a caitheadh chun cuspóirí na Saoráide a bhaint amach a ghnóthú nó aisíocaíocht luath na hiasachta a iarraidh, i gcásanna neamhrialtachtaí, calaoise, éillithe agus coinbhleachtaí leasa a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais nach bhfuil ceartaithe ag an Tairbhí, nó i gcás sárú tromchúiseach ar oibleagáid a eascraíonn as na comhaontuithe sin. Agus cinneadh á dhéanamh maidir le méid na haisghabhála agus an laghdaithe nó leis an méid a bheidh le haisíoc go luath, déanfaidh an Coimisiún prionsabal na comhréireachta a urramú agus cuirfidh sé san áireamh a thromchúisí atá an neamhrialtacht, an chalaois, an t-éilliú nó na coinbhleachtaí leasa a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais nó do shárú ar oibleagáid. Tabharfar an deis don Tairbhí a bharúlacha a thíolacadh sula ndéanfar an laghdú nó sula n-iarrfar aisíocaíocht luath.

4. Na daoine agus na heintitis a chuireann cistí chun feidhme faoin tSaoráid, tuairisceoidh siad gan mhoill aon chás amhrasta calaoise, éillithe, coinbhleachta leasa***,***

neamhrialtachtaí ***agus drochriarachán*** a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais don Choimisiún agus do OLAF, ***trí uirlis dhigiteach thiomnaithe, a mbeidh na coimircí ábhartha cosanta do sceithirí aige***.

***4a. Déanfar nuashonrú míosúil fhaighteoirí deiridh na gcistí ón tSaoráid i dtairseach ghréasáin aonair a bheidh ar fáil go poiblí i gcomhréir leis an bprionsabal a leagtar amach in Airteagal 4(7). Cuirfidh an Coimisiún ardán ar fáil do na Tairbhithe chun an fhaisnéis sin a fhoilsiú agus chun an fhaisnéis a chur ar fáil ar léarscáil idirghníomhach.***

***Airteagal 22a***
***An Bord Iniúchóireachta***

***1. Bunóidh an Coimisiún Bord Iniúchóireachta sula gcuirfidh na Tairbhithe an chéad iarraidh ar íocaíocht isteach.***

***2. Is iad comhaltaí neamhspleácha arna gceapadh ag an gCoimisiún a bheidh ar an mBord Iniúchóireachta. Féadfaidh an Coimisiún cuireadh a thabhairt d'ionadaithe na mBallstát agus d'ionadaithe deontóirí eile páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí an Bhoird Iniúchóireachta.***

***3. Déanfaidh an cúigiú cuid ar a laghad den Bhord Iniúchóireachta a bheith comhdhéanta de náisiúnaigh na dTairbhithe, ar choinníoll go bhfuil sé cruthaithe go bhfuil ardinniúlacht ghairmiúil agus sláine acu agus nach bhfuil cleamhnacht phearsanta ná ghairmiúil acu le húdaráis ná le hoifigigh na dTairbhithe chomh maith le saineolaithe idirnáisiúnta ar léir go bhfuil siad neamhspleách agus a bhfuil cuntas teiste cruthaithe acu maidir le tuiscint ar gheilleagar agus ar chóras polaitiúil na dTairbhithe.***

***4. Feidhmeoidh an Bord Iniúchóireachta a fheidhmeanna ar bhealach atá go hiomlán oibiachtúil agus gníomhóidh sé i gcomhréir leis na dea-chleachtais agus na caighdeáin idirnáisiúnta is infheidhme. Gníomhóidh sé gan dochar do chumhachtaí an Choimisiúin, cumhachtaí OLAF, cumhachtaí na Cúirte Iniúchóirí agus, i gcás inarb infheidhme, cumhachtaí OIPE.***

***5. Déanfaidh an Bord Iniúchóireachta iniúchóir seachtrach neamhspleách a cheapadh a sholáthróidh ráiteas dearbhaithe bliantúil maidir leis na dearbhuithe atá déanta ag údaráis na dTairbhithe a ghabhann le hiarraidh ar íocaíocht. Déanfaidh sé plean oibre bliantúil an iniúchóra sheachtraigh neamhspleách a fhormheas freisin.***

***6. Déanfaidh an Bord Iniúchóireachta cinneadh i leith moltaí don Choimisiún agus d'údaráis na dTairbhithe maidir le méideanna a bheidh le haisghabháil tar éis don iniúchóir seachtrach neamhspleách na torthaí a thuairisciú, agus cuirfidh sé an Coimisiún agus údaráis na dTairbhithe ar an eolas faoi na moltaí sin.***

***7. Áiritheoidh an Bord Iniúchóireachta go mbeidh idirphlé agus comhar rialta ann le Cúirt Iniúchóirí na hEorpa, chomh maith le hUasfhorais Iniúchóireachta Thíortha na mBalcán Thiar.***

***8. Agus a ndualgais á gcomhlíonadh acu, ní iarrfaidh an Bord Iniúchóireachta, a chomhaltaí ná a fhoireann treoir ná ní ghlacfaidh siad treoir ó rialtais na dTairbhithe ná ó aon institiúid, comhlacht, oifig ná gníomhaireacht. Beidh ráthaíochtaí láidre neamhspleáchais i bhfeidhm maidir le roghnú a fhoirne, maidir lena bhainistíocht agus lena bhuiséad.***

9. ***Tabharfaidh an Bord Iniúchóireachta cúnamh don Choimisiún míbhainistiú cistithe ón Aontas faoin tSaoráid a chomhrac, go háirithe i gcás calaois, éilliú, coinbhleachtaí leasa agus neamhrialtachtaí arna dtabhú i ndáil le haon mhéid a caitheadh chun cuspóirí na Saoráide a bhaint amach.***

10. ***Chun na críche sin, tuairisceoidh an Bord Iniúchóireachta go tráthrialta don Choimisiún, agus do coistí ábhartha Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle, agus tarchuirfidh sé aon fhaisnéis a fhaigheann sé nó a chuirtear in iúl dó chuig an gCoimisiún gan mhoill, ar faisnéis í maidir le haon chás sainaitheanta lena mbaineann míbhainistiú cistithe phoiblí arna thabhú i ndáil le haon mhéid a caitheadh chun cuspóirí na Saoráide a bhaint amach, lena n-áirítear a feidhmíocht, nó maidir le haon ábhar imní tromchúiseach ina leith. I gcomhréir le hAirteagal 24(1) de Rialachán (AE) 2017/1939, tuairisceoidh an Bord Iniúchóireachta aon iompraíocht choiriúil do OIPE, ar iompraíocht í a bhféadfadh OIPE a inniúlacht a fheidhmiú ina leith. Ina theannta sin, glacfaidh an Bord Iniúchóireachta moltaí do na Tairbhithe maidir le gach cás nach ndearna údaráis inniúla na dTairbhithe, dar leis, na bearta chun calaois, éilliú, coinbhleachtaí leasa agus neamhrialtachtaí a rinne difear do bhainistíocht fhónta airgeadais an chaiteachais arna mhaoiniú faoin tSaoráid, nó a bhfuil baol mór ann go ndéanfadh siad difear di, a chosc, a bhrath agus a cheartú, agus maidir le gach cás ina sainaithníonn sé laigí a dhéanann difear do cheapadh agus d'fheidhmiú an chórais rialaithe arna chur ar bun ag údaráis na dTairbhithe. Cuirfidh na Tairbhithe na moltaí sin chun feidhme, nó tabharfaidh sé bonn cirt maidir leis an bhfáth nach ndearna sé amhlaidh. Seolfar tuarascálacha agus faisnéis ón mBord Iniúchóireachta chuig OLAF freisin agus, i gcás inarb infheidhme, chuig OIPE, agus féadfar iad a chomhroinnt le húdaráis ábhartha na dTairbhithe, go háirithe i gcás inar gá dóibh bearta a dhéanamh chun calaois, éilliú, coinbhleachtaí leasa agus neamhrialtachtaí a chosc, a bhrath agus a cheartú, lena n-áirítear a fheidhmíocht, chomh maith le cionta coiriúla a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais a imscrúdú agus a ionchúiseamh.***

11. ***Beidh rochtain ag an mBord Iniúchóireachta ar an bhfaisnéis, ar na bunachair sonraí agus ar na clárlanna is gá chun a chúraimí a chur i gcrích. Sa Chreat-Chomhaontú saoráide dá dtagraítear in Airteagal 9, saineofar rialacha agus mionsonraí maidir leis an rochtain a bheidh ag an mBord Iniúchóireachta ar fhaisnéis ábhartha agus maidir le soláthar faisnéise ábhartha ag na Tairbhithe don Bhord Iniúchóireachta.***

12. ***Féadfaidh an Bord Iniúchóireachta cúnamh a thabhairt don Choimisiún chun tacú leis na Tairbhithe trí ghníomhaíochtaí fothaithe acmhainneachta sa chomhrac i gcoinne míbhainistiú cistithe phoiblí.***

13. ***Déanfar feidhmiú an Bhoird Iniúchóireachta a chistiú faoi Airteagal 6 (2)(b), lena n-áirítear cistiú an iniúchóra sheachtraigh neamhspleách arna cheapadh.***

Airteagal 23

Ról na gcóras inmheánach náisiúnta agus na nÚdarás Iniúchóireachta Náisiúnta

1. Maidir leis an gcuid sin de chistiú na Saoráide a íoctar mar chúnamh airgeadais, a chuirtear go díreach chuig buiséid náisiúnta na dTairbhithe, braithfidh an Coimisiún ar chórais rialaithe inmheánaigh na dTairbhithe atá ann cheana agus atá feabhsaithe,

lena n-áirítear na hÚdaráis Iniúchóireachta Náisiúnta agus, i gcás inarb infheidhme, Seirbhísí Comhordúcháin Frith-Chalaoise gach Tairbhí arna mbunú faoi chuimsiú na hIonstraime um Chúnamh Réamhaontachais ***agus freisin ar fhormhaoirseacht shibhialtach áitiúil arna héascú le bearta trédhearcachta i gcomhréir le caighdeáin an Aontais***.

Tabharfar tosaíocht sna Cláir Oibre Athchóiriúcháin sna chéad bhlianta dá gcur chun feidhme d'athchóirithe a bhaineann le caibidil idirbheartaíochta 32, go háirithe maidir le bainistíocht airgeadais phoiblí agus rialú inmheánach, chomh maith leis an gcomhrac in aghaidh na calaoise, mar aon le caibidlí 23 agus 24, go háirithe maidir le ceartas, éilliú agus coireacht eagraithe agus caibidil 8, go háirithe maidir le rialú Státchabhrach.

2. Déanfaidh na Tairbhithe aon neamhrialtacht a thuairisciú gan mhoill don ***Bhord Iniúchóireachta agus*** don Choimisiún, lena n-áirítear calaois, arb iad ab ábhar do chinneadh príomha riaracháin nó breithiúnach, agus coinneoidh sé an Coimisiún ar an eolas maidir le dul chun cinn i ndáil le haon imeachtaí riaracháin nó dlíthiúil a bhaineann leis na neamhrialtachtaí sin. Déanfar tuairisciú den sórt sin go leictreonach, trí úsáid a bhaint as an gCóras Bainistíochta Neamhrialtachtaí, arna bhunú ag an gCoimisiún.

3. Beidh idirphlé rialta ag na heintitis dá dtagraítear i mír 2 leis ***an mBord Iniúchóireachta,*** le Cúirt Iniúchóirí na hEorpa, le OLAF agus, i gcás inarb iomchuí, le OIPE.

4. Féadfaidh an Coimisiún athbhreithnithe mionsonraithe a dhéanamh ar chórais náisiúnta um chur chun feidhme an bhuiséid bunaithe ar mheasúnú riosca agus ar idirphlé leis na hÚdaráis Náisiúnta Iniúchóireachta, agus moltaí a eisiúint maidir le feabhsuithe ar na córais ***tar éis dó dul i gcomhairle leis an mBord Iniúchóireachta***.

5. Féadfaidh an Coimisiún moltaí don Tairbhí a ghlacadh maidir le gach cás nach ndearna na húdaráis inniúla, dar leis, na bearta is gá chun na nithe seo a leanas a chosc, a bhrath agus a cheartú: calaois, éilliú, coinbhleacht leasa agus neamhrialtachtaí a rinne difear do bhainistiú fónta airgeadais an chaiteachais arna mhaoiniú faoin tSaoráid, nó a bhfuil baol mór ann go ndéanfaí difear dó, agus maidir le gach cás ina sainaithníonn sé laigí i gceapadh agus i bhfeidhmiú an chórais rialaithe a chuir na húdaráis i bhfeidhm. Cuirfidh an Tairbhí lena mbaineann na moltaí sin chun feidhme, nó tabharfaidh sé bonn cirt maidir leis an bhfáth nach ndearna sé amhlaidh.

# CAIBIDIL V

# Faireachán, tuairisciú agus meastóireacht

### Airteagal 24
### Faireachán agus tuairisciú

1. Déanfaidh an Coimisiún faireachán ar chur chun feidhme na Saoráide agus déanfaidh sé gnóthú na gcuspóirí a leagtar amach in Airteagal 3 a mheas. Beidh an faireachán ar chur chun feidhme spriocdhírithe agus comhréireach leis na gníomhaíochtaí a dhéanfar faoin tSaoráid. Meastar go rannchuideoidh na táscairí dá dtagraítear in Airteagal 13(2) leis an bhfaireachán a dhéanfaidh an Coimisiún ar an tSaoráid.

2. Leagfar amach sa ***Chreat-Chomhaontú*** dá dtagraítear in Airteagal 9 rialacha agus módúlachtaí faoina ndéanfaidh na Tairbhithe tuairisciú don Choimisiún chun críche mhír 1.

3. Cuirfidh an Coimisiún tuarascáil bhliantúil ar fáil do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle maidir leis an dul chun cinn atá déanta i ndáil le baint amach chuspóirí an Rialacháin seo ***agus comhlíonadh na bprionsabal ginearálta dá dtagraítear in Airteagal 4***. ***Áireofar sa tuarascáil sin measúnú ar bhreisíocht agus ar bhreisluach na Saoráide, measúnú ar shineirgí agus ar chomhlántachtaí idir an tacaíocht a chumhdaítear faoin tSaoráid agus Rialachán (AE) 2021/1529 le haghaidh gach ceann de na cuspóirí ginearálta agus sonracha dá dtagraítear in Airteagal 3 den Rialachán seo, chomh maith le tuairisc ar na socruithe agus ar na bearta arna ndéanamh ag an gCoimisiún chun cistiú dúbailte a sheachaint, d'fhonn buiséad an Aontais a chosaint.***

4. Déanfaidh an Coimisiún an tuarascáil dá dtagraítear i mír 3 a chur ar fáil don Choiste dá dtagraítear in Airteagal 27.

***Airteagal 24a***
***Scórchlár Saoráide***

***1. Bunóidh an Coimisiún scórchlár Saoráide (an 'Scórchlár'), ina dtaispeánfar an dul chun cinn maidir le cur chun feidhme na gclár oibre um athchóiriú de chuid na dTairbhithe i ngach ceann de na cuspóirí dá dtagraítear in Airteagal 3. Is éard a bheidh sa Scórchlár ná córas tuairiscithe feidhmíochta na Saoráide.***

***2. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomh tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 26 chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí ghnéithe mionsonraithe an Scórchláir a shainiú d'fhonn an dul chun cinn maidir le cur chun feidhme na Saoráide dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo a léiriú.***

***3. Beidh an Scórchlár faoi lán seoil faoi mhí na Nollag 2024 agus déanfaidh an Coimisiún é a thabhairt cothrom le dáta ar bhonn leanúnach, a luaithe a bheidh faisnéis feidhmíochta agus doiciméid fhíor-riachtanacha eile a thuairiscítear in Airteagal 24a(4) ar fáil. Cuirfear an Scórchlár ar fáil go poiblí ar shuíomh gréasáin nó trí thairseach idirlín.***

***4. Tíolacfar sa Scórchlár freisin na príomhdhoiciméid, amhail na Cláir Oibre um Athchóiriú, measúnuithe an Choimisiúin ar na Cláir Oibre um Athchóiriú, na hiarrataí ar íocaíocht ó na Tairbhithe, measúnú an Choimisiúin ar chomhlíonadh na gcoinníollacha íocaíochta, cinneadh na gClár Oibre um Athchóiriú agus na cinntí lena n-údaraítear scaoileadh cistí.***

***5. Tíolacfar sa Scórchlár freisin faisnéis faoi fhaighteoirí deiridh cistí ón tSaoráid seo.***

Airteagal 25
Meastóireacht ar an tSaoráid

1. Tar éis an 31 Nollaig 2027, ach faoin 31 Nollaig 2031 ar a dhéanaí, déanfaidh an Coimisiún meastóireacht *ex post* ar an Rialachán ***trí bhíthin meastóireacht sheachtrach neamhspleách***. Déanfar measúnú sa mheastóireacht *ex post* sin ar rannchuidiú an Aontais le baint amach chuspóirí an Rialacháin seo. ***Tabharfaidh an Coimisiún aird chuí ar thograí ó Pharlaimint na hEorpa nó ón gComhairle maidir leis an meastóireacht sheachtrach neamhspleách sin.***

2. Sa mheastóireacht *ex post* sin úsáidfear sna meastóireachtaí prionsabail dea-chleachtais Choiste Cúnaimh Forbartha ECFE, lena bhféachfar ar baineadh amach na cuspóirí agus le moltaí a cheapadh d'fhonn gníomhaíochtaí a fheabhsú sa todhchaí.

Cuirfidh an Coimisiún torthaí agus conclúidí na meastóireachta *ex post* sin chomh maith lena thuairimí agus lena bhearta leantacha chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle agus chuig na Ballstáit. Féadfar an mheastóireacht *ex post* sin a phlé arna iarraidh sin do na Ballstáit nó do Pharlaimint na hEorpa. Cuirfear torthaí na meastóireachtaí sin san áireamh nuair a bheidh cláir agus gníomhaíochtaí á n-ullmhú agus acmhainní á leithdháileadh. Cuirfear an mheastóireacht *ex post* agus na bearta leantacha sin ar fáil go poiblí.

Déanfaidh an Coimisiún na páirtithe leasmhara ábhartha uile a chomhlachú a oiread is iomchuí, lena n-áirítear Tairbhithe, comhpháirtithe sóisialta, eagraíochtaí na sochaí sibhialta agus údaráis ***réigiúnacha agus*** áitiúla, i bpróiseas meastóireachta an chistiúcháin ón Aontas a chuirtear ar fáil faoin Rialachán seo, agus féadfaidh sé, i gcás inarb iomchuí, féachaint le meastóireachtaí comhpháirteacha a dhéanamh i gcomhar leis na Ballstáit agus le comhpháirtithe eile i ndlúthpháirt leis na Tairbhithe.

# CAIBIDIL VI

# Forálacha críochnaitheacha

### Airteagal 26
### An tarmligean a fheidhmiú

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thabharfar an chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe ***dá dtagraítear in Airteagail 13, 15, 16, 18, 19, 20, 21 agus 24*** a ghlacadh.

2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 18 a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse ***4 bliana ó 7 lá tar éis*** dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo. ***Déanfaidh an Coimisiún, tráth nach déanaí ná 9 mí roimh dheireadh na tréimhse 4 bliana, tuarascáil a tharraingt suas maidir le tarmligean na cumhachta. Déanfar tarmligean na cumhachta a fhadú go hintuigthe go ceann tréimhsí comhfhaid, mura rud é go gcuireann Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle in aghaidh an fhadaithe sin tráth nach déanaí ná 3 mhí roimh dheireadh gach tréimhse.***

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 12 a chúlghairm aon tráth. Le cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh, cuirfear deireadh le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghnímh tharmligthe atá i bhfeidhm cheana.

4. Sula nglacfaidh sé gníomh tarmligthe, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr an 13 Aibreán 2016.

5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.

6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 18 i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa nó ag an gComhairle laistigh de thréimhse ***2 mhí*** tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dheireadh na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú ***2 mhí*** ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

Airteagal 27
Nós imeachta coiste

1. Tabharfaidh Coiste cúnamh don Choimisiún. Beidh an Coiste sin ina choiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

2. I gcás ina ndéantar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

***Airteagal 27a***
***Grinnscrúdú parlaiminteach***

***1. Déanfaidh Parlaimint na hEorpa agus an Coimisiún idirphlé rialta chun formhaoirseacht agus grinnscrúdú parlaiminteach ar an tSaoráid a áirithiú. Déanfar an t-idirphlé sin faoi chuimsiú an idirphlé gheopholaitiúil ardleibhéil atá ann cheana maidir le cur chun feidhme IPA III chun comhleanúnachas idir an dá ionstraim a áirithiú. Leis an idirphlé sin, beifear in ann malartú a dhéanamh le Parlaimint na hEorpa maidir le staid an dul chun cinn i gcur chun feidhme na Saoráide agus na gClár Oibre um Athchóiriú. Beidh an t-idirphlé ar siúl trí huaire sa bhliain ar a laghad ag tráthanna iomchuí den timthriall cur chun feidhme. Roimh gach agallamh, déanfaidh an Coimisiún na nithe seo a leanas a sholáthar don Pharlaimint:***

***a) an dul chun cinn atá déanta maidir le cur chun feidhme na Saoráide, go háirithe na Cláir Oibre um Athchóiriú agus infheistíochtaí agus athchóirithe gaolmhara, chomh maith leis na Creat-Chomhaontuithe;***

***b) na Cláir Oibre um Athchóiriú, measúnú an Choimisiúin ina leith sin agus aon leasuithe ar na Cláir Oibre um Athchóiriú;***

***c) an stádas maidir le comhlíonadh na garspriocanna agus na spriocanna faoi seach;***

***d) faisnéis maidir le híocaíochtaí a choinneáil siar agus a chur ar fionraí chomh maith le cistí a laghdú agus a athdháileadh, lena n-áirítear aon bhreathnóireacht a chuirtear i láthair agus aon bhearta feabhais a rinne na Tairbhithe chun comhlíonadh sásúil na ngarspriocanna agus na spriocanna a áirithiú;***

***e) measúnú ar chomhlántachtaí idir IPA III agus an tSaoráid le haghaidh gach ceann de na bearta;***

***f) an clárú mionsonraithe airgeadais is déanaí agus aon doiciméid ghaolmhara eile de chuid na Saoráide agus IPA III araon chun gur féidir grinnscrúdú comhleanúnach a dhéanamh ar an dá ionstraim do na Tairbhithe;***

g) ***príomhthorthaí na ngníomhaíochtaí faireacháin a shainítear sa Rialachán seo, lena n-áirítear an tuarascáil bhliantúil dá dtagraítear in Airteagal 24;***

h) ***aon fhaisnéis agus doiciméadacht ábhartha eile i ndáil le cur chun feidhme na Saoráide.***

***2. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa a tuairimí a chur in iúl i rúin a mhéid a bhaineann leis na hábhair dá dtagraítear i mír 1.***

***3. Déanfaidh an Coimisiún aird a thabhairt ar aon ghnéithe a eascraíonn as na tuairimí a cuireadh in iúl tríd an idirphlé rialta, lena n-áirítear rúin ábhartha ó Pharlaimint na hEorpa.***

***4. Féadfaidh an Scórchlár dá dtagraítear in Airteagal 24a fónamh mar bhonn don idirphlé.***

Airteagal 28
Faisnéis, cumarsáid agus poiblíocht

1. Rachaidh an Coimisiún ***agus toscaireachtaí an Aontais Eorpaigh sna tíortha is tairbhithe*** i mbun gníomhaíochtaí cumarsáide chun infheictheacht an chistithe ón Aontas don tacaíocht airgeadais atá beartaithe sna Cláir Oibre um Athchóiriú a áirithiú, lena n-áireofar gníomhaíochtaí cumarsáide comhpháirteacha leis na Tairbhithe. ***Áiritheoidh*** an Coimisiún go ndéanfar tacaíocht faoin tSaoráid a chur in iúl agus a aithint trí ráiteas cistiúcháin. ***Beidh gníomhaíochtaí arna maoiniú faoin tSaoráid faoi réir na gceanglas a leagtar amach sa Lámhleabhar um Gníomhaíochtaí Cumarsáide agus Infheictheachta le haghaidh Ghníomhaíochtaí Seachtracha an Aontais. Glacfaidh an Coimisiún treoir le haghaidh tionscadail arna gcistiú ag an Aontas maidir le gníomhaíochtaí infheictheachta agus cumarsáide le haghaidh gach Tairbhí.***

2. Tabharfaidh faighteoirí cistithe de chuid an Aontais***, go háirithe institiúidí rialtais agus institiúidí poiblí eile***, aitheantas ***gníomhach agus trédhearcach*** d’fhoinse an chistithe ón Aontas agus áiritheoidh siad infheictheacht an chistithe, lena n-áireofar, i gcás inarb infheidhme, feathal an Aontais a léiriú agus ráiteas cistithe iomchuí ar a mbeidh na focail ‘le cistiú ón Aontas Eorpach’, go háirithe nuair a bheidh na gníomhaíochtaí agus a dtorthaí á bpoibliú, trí fhaisnéis spriocdhírithe atá comhleanúnach, éifeachtach agus comhréireach a sholáthar do shainghrúpaí éagsúla, lena n-áirítear na meáin agus an pobal.

***2a. Beidh rochtain na bhfaighteoirí amach anseo ar chistiú ón Aontas coinníollach ar na critéir infheictheachta a leagtar amach i mír 2 a chomhlíonadh.***

3. Cuirfidh an Coimisiún gníomhaíochtaí faisnéise agus cumarsáide chun feidhme, ar gníomhaíochtaí iad a bhaineann leis an tSaoráid, agus le gníomhaíochtaí a rinneadh de bhun na Saoráide agus leis na torthaí a baineadh amach. Beidh na hacmhainní airgeadais a leithdháilfear ar an tSaoráid ina rannchuidiú freisin chun cumarsáid chorporáideach a dhéanamh i ndáil le tosaíochtaí polaitiúla an Aontais freisin, a fhad a bhaineann na tosaíochtaí sin leis na cuspóirí dá dtagraítear in Airteagal 3. ***Déanfaidh an Coimisiún bearta chun cumarsáid straitéiseach agus taidhleoireacht phoiblí a neartú chun luachanna an Aontais a chur in iúl agus béim a leagan ar an mbreisluach a bhaineann leis an tacaíocht ón Aontas.***

***3a.	Cuirfear faisnéis, cumarsáid agus poiblíocht ar fáil i bhformáid inrochtana, i gcomhréir le hAirteagal 9 de Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas agus le reachtaíocht chomhchuibhithe an Aontais, go háirithe Treoir 2019/882 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1].***

Airteagal 29
Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa
An tUachtarán

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán

1 ***Treoir (AE) 2019/882 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2019 i ndáil leis na ceanglais inrochtaineachta le haghaidh táirgí agus seirbhísí (*IO L 151, 7.6.2019, lch. 70*).***

IARSCRÍBHINN

Modheolaíocht maidir le leithdháileadh acmhainní foriomlána in aghaidh an Tairbhí

Ríomhfar leithdháileadh gach Tairbhí i gcomhréir leis na céimeanna seo a leanas bunaithe ar shonraí na bliana tagartha:

Céim 1: eochair leithdháilte daonra a chinneadh bunaithe ar chóimheas dhaonra an Tairbhí thar shuim iomlán na ndaonraí le haghaidh réigiún na mBalcán Thiar;

Céim 2: eochair leithdháilte OTI a chinneadh bunaithe ar an gcóimheas idir an meán-OTI per capita le haghaidh réigiún na mBalcán Thiar thar OTI per capita an Tairbhí faoi seach agus arna roinnt ar shuim na sé chóimheas;

Céim 3: teaglaim d’ualuithe céatadáin gach tíre le haghaidh daonra faoi Chéim 1 agus d’OTI per capita faoi Chéim 2 le fachtóir ualúcháin 60 % de dhaonra agus 40 % OTI per capita.